



ombudsman
do leanaí
for children



Tástáilte i leith Teacht Aniar

Tuarascáil Bhliantúil
an Ombudsman do
Leanaí 2021



Contents

Teachtaireacht ó ombudsman do leanaí	2
Cé muid féin	4
1. Staidreamh agus Buaicphointí an OCO	5
2. Teagmhálacha Covid-19	11
3. Oideachas	16
4. Sláinte	21
5. Tithíocht	23
6. Cosaint Leanaí	27
7. Soláthar Díreach/Imirce	28
8. Míchumas	30
9. Teaghlach agus Cúram	31
10. Tuairimí Leanaí	37
11. Cothromas	39
12. Cearta sa Timpeallacht Dhigiteach	40
13. Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta	42
14. Acht um Ombudsman do Leanaí 2002	45
15. Reáchtáil na hOifig	46



Dr Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí

Teachtaireacht ó ombudsman do leanaí

Is focail iad teacht aniar a gceanglaímid le leanaí. Ní mór creidiúint a thabhairt do leanaí as a gcumas foghlaim, oiriúnú, dul i ngleic le deacrachtaí, teacht chucu féin agus glacadh le hathrú. Ach tá teorainneacha ag fiú na daoine is láidre inár measc agus in 2021 rinneadh na leanaí ba mhó a raibh teacht aniar iontu a thástáil. Nuair a thosaigh an phaindéim, agus le linn na gcéad tréimhsí dianghlása, cuireadh stop le gach rud - cuireadh an óige ar sos. Bhí dúshláin dhifriúla ann sa bhliain 2021, áfach; bhíothas ag dréim go leanfadh na leanaí agus go deimhin na seirbhísí poiblí a bhí á gcur ar fáil dóibh ar aghaidh. Bhíothas ag dréim go ndéanfadh leanaí cúis le cineál stop-tosaigh na scoile agus go leanfadh siad orthu ag foghlaim gan titim ar gcúl, bhíothas ag dréim go ndéanfadh siad cairde agus go gcothóidís caidreamh ar gcúl masc agus ar fud seomraí ranga, bhíothas ag dréim go nglacfaidís leis na pleananna a cuireadh ar ceal, leis na heispéiris ar cuireadh srian leo. Ar an taobh eile de, bhí brú ollmhór ar scoileanna, ar ospidéal, ar sheirbhísí teiripeacha, ar sheirbhísí faoisimh agus ar na tacaíochtaí eile ar fad a chuidíonn le leanaí ar fud na tíre gach lá, toisc go rabhthas ag dréim leo seirbhís a chur ar fáil mar is gnách, in ainneoin nach raibh gnáthchúrsaí ar bith ar chor ar bith ann.

Le linn na paindéime tá sé tugtha le fios ag Oifig an Ombudsman do Leanaí gur cheart go dtabharfaí meas i gcinntí agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le leanaí, agus go gcosnófar agus go gcomhlíonfaidh siad a gcearta leo, lena n-áirítear an ceart go ndéileálfar lena leasanna is fearr mar phríomh-bhreithniú. Thugamar le fios freisin nár chóir srianta a chur i bhfeidhm a théann i gcion

ar leanaí ach ar feadh na tréimhse is gairide agus is féidir. Tháinig na tosaíochtaí sin chun tosaigh in 2021 agus an phaindéim ag dul isteach i gcéim nua ina rabhamar ag maireachtáil le Covid. Ba léir gurb í an tsláinte phoiblí an príomhábhar imní don Rialtas ag tús na paindéime, ach de réir mar a d'éirigh sé soiléir nach mbeadh pointe críochnaithe deifnídeach ar bith ann, b'éigean impleachtaí sláinte poiblí na paindéime a chothromú leis an tionchar ar mheabhairshláinte leanaí, ar a bhforbairt shóisialta agus a n-oideachas

Tá scáth Covid-19 agus a thionchar ar gach gné de shaol leanaí ag rith trí Thuarascáil Bhliantúil 2021 Oifig an Ombudsman do Leanaí. Bhí leanaí agus teaghlaigh fós ag caidreamh le seirbhísí agus cé go raibh tionchar ag Covid-19 ar sholáthar, bhí na fadhbanna céanna agus na moilleanna céanna ag go leor leanaí agus a bhí acu roimh an bpaindéim. D'éirigh linn roinnt píosaí tábhachtacha oibre a bhaineann le cearta leanaí faoi mhíchumas agus cearta leanaí Taistealaithe a fhoilsiú. Cé gur airíomar uainn go mór bheith ag caidreamh le leanaí go pearsanta trínár gclár um oideachas ceart scoile, ghlacamar gach deis beagnach chun bheith páirteach leo. Den chéad uair le roinnt blianta anuas d'earcaíomar Painéal Comhairleach na hÓige agus d'óstálamar cruinnithe rialta leo i gcás gur thairg siad fíorléargas agus agus fíorchríonnacht ar go leor saincheistanna a théann i gcion ar leanaí i rith na bliana.

In 2021 ba mhór an onóir dom tosú ar mo dhara téarma mar Ombudsman do Leanaí, agus chuir mé tús le mo théarma nua sé bliana agus gach eolas agam faoi riachtanais leanaí in Éirinn agus ar na heasnaimh atá ann fós maidir le freastal ar na riachtanais sin. Tá spriocanna uailmhianacha leagtha amach agam féin, agus ag an oifig, chun athrú dearfach a dhéanamh do gach leanbh ach chun díriú go sonrach ar thionchar a imirt ar athrú ar an tseirbhís mheabhairshláinte do leanaí, maidir le cearta leanaí faoi mhíchumas a bhaint amach agus dul i dtreo thodhchaí an oideachais. Mar Oifig, ba mhaith linn freisin ionad oibre measúil agus spraiúil a chothú do gach duine a oibríonn anseo ionas gur féidir linn smaointeoireacht nuálaíoch a chur chun cinn agus glacadh le héagsúlacht. Aithním

chomh tábhachtach agus atá ár bhfreagracht
a chomhlíonadh thar ceann na leanaí go léir
atá ina gcónaí in Éirinn agus táim tiomanta do
chumhacht iomlán na hOifige a fheidhmiú chun a
saol a dhéanamh níos fearr.

Ar aon dul leis sin tá sé tábhachtach a admháil,
agus Earrach 2022 ag druidim linn, go mbeidh
Éire ag óstáil agus ag tacú leis na mílte leanaí
agus teaghlach ón Úcráin agus coinneoidh ár
nOifig idirphlé leanúnach leis an Rialtas lena
chinntiú go léireofar a gcearta go hiomlán le linn
a bhfanachta in Éirinn.





Institiúid um chearta an duine is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) a chuireann cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois chun cinn in Éirinn. Déanann an OCO imscrúdú ar ghearáin faoi sheirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí poiblí do leanaí. Tá an tseirbhís saor in aisce agus neamhspleách.


D'aontaigh an Dáil agus an Seanad in 2002 ar an Acht um Ombudsman do Leanaí, ina leagtar amach ról agus cumhachtaí na hOifige seo.

D'athcheap Uachtarán na hÉireann an Dr Niall Muldoon mar Ombudsman do Leanaí in 2021. Tuairiscíonn Niall go díreach don Oireachtas.

Staidreamh agus Buaicphointí an OCO

Miondealú ar Ghearáin

Tháinig ardú suntasach ar líon na ngearán a fuair an OCO in 2021 – díriodh sna gearáin bhreise sin den chuid is mó ar shaincheistanna a bhain le Covid-19 ar nós maisc a chaitheamh i scoileanna, vacsaíní do leanaí agus dúnadh scoileanna. De bharr sin, tá na sonraí a bhaineann le Covid-19 scartha againn do shonraí 2021.



Miondealú de réir chatagóir na ngearán leis an OCO


Bliain	2020	2021
Gearáin faoi oideachas	46%	53%
Gearáin sláinte	14%	17%
Gearáin Údaráis Áitiúil	6%	5%
Gearáin faoi cheartas	5%	1%
Gearáin Airgeadais, Coimirce Sóisialaí agus Leasa	2%	1%
Gearáin faoi Thacaíocht, Cúram agus Cosaint Teaghlaigh	20%	12%
Gearáin eile	7%	12%

Cé a rinne teagmháil linn?

Bliain	Tuismitheoirí	Gairmithe/ Eagraíochtaí	Leanaí	Teaghlach Sínte	Duine Fásta Neamhghaolmhara	Eile
2020	80%	8%	6%	3%	3%	4%
2021	51%	1%	1%	1%	45%	1%

Tháinig méadú suntasach in 2021 ar líon na ndaoine fásta neamhghaolmhara a rinne teagmháil leis an OCO. Tharla an t-athrú sin mar thoradh ar theagmhálacha maidir le masc a chaitheamh agus saincheisteanna sonracha eile a bhain le Covid-19 ó dhaoine nach raibh gearán á dhéanamh acu ar son a leanbh féin ach ar son gach linbh sa tír, agus a shonraigh é sin.

Miondealú de réir an Chontae



Treochtaí gearán a sainaitníodh don bhliain 2021

Leithdháiltí Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

Bhain na gearáin sin le leithdháileadh comhroinnte tacaíochta CRS agus an dóigh a raibh tionchar ag na cinntí ar leibhéal an leithdháilte ar leanaí a raibh riachtanais shuntasacha acu.

Easpa soláthair d'áiteanna/aonaid ASD (neamhord de chuid speictream an uathachais) i scoileanna

Fuaireamar roinnt gearán faoin tsaincheist sin ó theaghlaigh leanaí a bhí ag aistriú go dtí an t-iar-bhunleibhéal ach nach raibh ábalta áit ASD a fháil mar gheall ar easpa infhaighteachta i scoileanna ina gceantar.

Bulaíocht

Is é an t-oideachas an chatagóir gearán is mó atá againn i gcónaí agus is ionann bulaíocht agus 10% ar an meán de na gearáin a fhaightear gach bliain. Baineann gearáin faoi bhulaíocht leis an dóigh a láimhseálann scoileanna bulaíocht, an dóigh a láimhseálann siad gearán faoi bhulaíocht nár aithníodh agus nach ndearnadh beart ina leith, smachtbhannaí agus an easpa tacaíochtaí do scoláirí (an t-íospartach agus duine ciontach) i ndiaidh na bulaíochta.

Soláthar Mhí Iúil

Is clár samhraidh é Soláthar Mhí Iúil a reáchtáiltear do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun 4 seachtaine bhreise scolaíochta/teagaisc baile a sholáthar dóibh chun tacú leo ina gcuid oideachais.

Bhain na gearáin sin le leithdháileadh uaireanta do shiblí agus an easpa scoileanna a raibh an clár "inscoile" seachas an clár teagaisc baile á reáchtáil acu.

Ardteistiméireacht 2022

Bhain na gearáin sin le formáid fhéideartha na hArdteistiméireachta do 2022 agus ardaíodh buarthaí iontu go mbeadh tionchar diúltach ag saincheisteanna comhchosúla agus ag moilleanna ar chinnteoireacht ar mheabhairshláinte na scoláirí.

cibirionsaí

gearáin faoi na moilleanna gaolmhara le láimhseáil gearán ag Tusla/FSS agus le rochtain ar sheirbhísí.

Meabhairshláinte

Bhain gearáin faoi mheabhairshláinte go minic le héifeachtaí iarmhartacha na paindéime. Is gnách go mbaineann na gearáin sin go sonrach le liostaí feithimh agus le saincheisteanna bunaithe ar acmhainní nach bhfuil aon sainchúram againn lena scrúdú.

An OCO ar Líne

Leantóirí ar Twitter

11,000

méadú 19% i
gcomparáid le 2020

Leantóirí ar Facebook

9,107

méadú 4.4% i
gcomparáid le 2020

Teagmháil
fhoriomlán FB:

389,820

Leantóirí nua ar FB:

353

Leantóirí nua
ar Instagram:

432

Postálacha is mó ar Instagram

Fógra an
Fheachtais 'More
Than School'

54,898

Ava's
#MoreThanSchool
Entry

45,054

Fógra Cainteanna
Leanaí

44,529

Millie's
#MoreThanSchool
Entry

39,847

Na 5 leathanach is mó ar an suíomh gréasáin ar amharcadh orthu

Folúntais agus
tairiscintí

10,145

Tá an ceart
agat cluiche

3,909

Gearáin

3,311

Eolas Fúinn

3,753

Ceartha Leanaí

3,280

Amhairc ar leathnaigh ar
an suíomh gréasáin

109,142

Úsáideoirí nua ar an
suíomh gréasáin

32,700

Na 5 imprisean físeáin is fearr ar Twitter

An Físeán 'No End In Site'

286,000

#MoreThanSchool Social
Media Campaign Entry

83,179

Físeán um Fheasacht
faoin Uathachas

24,904

Cur Chun Cinn an Phodchraolta
'Where is My Mind'

15,733

Físeán ar athcheapadh Niall

12,872

Móirmeachtaí ar Freastalaíodh Orthu

Feabhra

Labhair Niall ag Mná sa Cheannaireacht ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; imeacht bliantúil ina dtugtar mná le chéile agus ina dtaispeántar a gcuid tallainne chun daoine eile a spreagadh.

Márta

Thug Niall Spreagaitheasc ag an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí – imeacht 1 bhliain de Dhianghlaisáil

Freastalaíodh ar sheoladh "BEACONS Phort Laoise: Pobal Muintearais a Chothú"; múnla a thacaíonn le pobail comhráite treoraithe a bheith acu idir múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí ar leibhéal an phobail áitiúil.

Aibreán

An Comhchoiste Oireachtais um Oideachas i ndáil le hAcht EPSEN 2004 agus oideachas riachtanas speisialta

Labhair Niall faoi Thionchar Meabhairshláinte Covid ar leanaí, ag CCB Chumann Leighis na hÉireann

Rinne Niall cur i láthair ag an gComhdháil 'Home – A Human Right' a óstáladh in Ollscoil Mhaigh Nuad

Bealtaine

Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas ar bhulaíocht ar scoil agus an tionchar ar an meabhairshláinte

Comhchoiste an Oireachtais um Thurasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus na Meáin maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne

Labhair Niall faoi thionchar ar leith Covid-19 ar chúramóirí óga ag Comhdháil Idirnáisiúnta do Chúramóirí Óga (arna chomhóstáil ag Eurocarers, Ionad Inniúlachta Cúraim Teaghlaigh na Sualainne agus Ollscoil Linnaeus).

Rinne Niall cur i láthair ar chearta leanaí agus easpa dídine ag Comhdháil Dhomhanda Institiúid Idirnáisiúnta an Ombudsman

Meitheamh

Comhchoiste an Oireachtais ar Phríomhcheisteanna a bhaineann le Taistealaithe ar thuarascáil 'No End in Site' an OCO

Comhchoiste an Oireachtais um Achainíocha Poiblí i ndáil le Soláthar Díreach

Seoladh Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh na mBan

Labhair sé ag imeacht ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus rinne an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige óstáil d'Éirinn

Iúil

Labhair sé faoi thacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil duine muinteartha leo sa phríosún ag seoladh thuarascáil iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil

Caint ag seoladh thuarascáil Lónra Éigeandála um Éigníú na hÉireann maidir le leanaí a chosaint ar fhoréigean gnéasach

Labhair sé ag imeacht na Comhghuaillíochta um Chearta Leanaí faoi Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne

Meán Fómhair

D'fhreastail sé ar Lá an Phlé Ghinearálta a bhí ar siúl ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le cearta leanaí agus cúram malartach

Chuir sé leis an gComhdháil um Éagsúlacht Shóisialta agus Chultúrtha agus Saol an Teaghlaigh i nDoire

Deireadh Fómhair

Labhair Niall ag an Réamhsheisiún um Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoitinn – i gcás go ndéanann Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe athbhreithniú ar thaifead ceart daonna na hÉireann

Labhair sé ag Buanchomhdháil ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh agus Theas (ScotENS)

Samhain

Comhchoiste an Oireachtais maidir le hOideachas ar Athchóiriú na hArdteistiméireachta

Ghlac sé páirt i dTascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiún an Iarthair chun daoine óga a bhfuil tionchar ag mí-úsáid substaintí sa bhaile orthu a phlé.

Labhair sé ag imeacht maidir le Coinbhinsiún NA um Chearta an Linbh a chorprú i ndlí na hÉireann a bhí á reáchtáil ag an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí

D'éascaigh sé ceardlann faoi chearta leanaí faoi chúram ag comhdháil a bhí á reáchtáil ag Cumann Altrama na hÉireann

Nollaig

Chuidigh sé le hathbhreithniú an Choimisiúin Mheabhairshláinte ar rialacha cleachtais shriantaigh

Tionscadail Sheachtracha an OCO

Clinic For-rochtana Bhaile an Oibríoch

Mar chuid dár gcuid oibre ar ghearáin agus imscrúduithe, tugaimid cuairt ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibríoch chun feachtas a mhúscailt faoin Oifig agus chun deis a thabhairt do leanaí a bhféadfadh sé a bheith níos deacra dóibh teagmháil a dhéanamh linn, aird a tharraingt ar aon imní a d'fhéadfadh a bheith acu. Mar gheall ar shrianta Covid-19, bhí ár bhfor-rochtain mhíosúil á reáchtáil againn ar líne. In 2021 bhí an-áthas orainn ár gcuairteanna ar an láthair a atosú.

Taighde na Comhghuaillíochta um Chearta Leanaí

Tá an OCO ina bhall den choiste stiúrtha do thionscadal taighde atá maoinithe ag an AE arna choimisiúnú ag an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí a oibríonn le painéal comhairleach óige atá comhdhéanta de leanaí idir 12 agus 17 mbliana d'aois. Baineann sé le trí phríomhcheist: cad atá ar eolas ag leanaí faoina gcearta; cad iad na heasnamh san eolas atá acu ar a gcearta agus na scileanna atá acu chun na cearta sin a fheidhmiú; agus cad a mholann leanaí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sin san oideachas um chearta leanaí trí athruithe beartais agus cleachtais. Is é ról s'againne ar an ngrúpa stiúrtha sin comhairle agus aiseolas a sholáthar maidir le seoladh an taighde agus ábhar na tuarascála deiridh. Tá an taighde sin le críochnú agus le foilsiú in 2022.

'Meet and Greet' an Chabháin

Le dhá bhliain anuas d'óstáil an OCO imeachtaí 'Meet and Greet' ag suíomhanna réigiúnacha ar fud na hÉireann chun feachtas a mhúscailt faoin oifig agus chun dul i dteagmháil leo siúd a oibríonn go díreach le leanaí. I mí Feabhra 2021, reáchtáladh an t-imeacht sin ó chian agus logáil breis agus 100 duine atá lonnaithe i gCabhán, i Muineachán, i Lú agus sa Mhí isteach.

Ag Tacú le Cearta, Oideachas agus Rannpháirtíocht Leanaí- CoVision

Is tionscadal taighde idirnáisiúnta é CoVision atá á stiúradh ag foireann taighdeoirí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus atá á mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte agus ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Tá an OCO ar cheann de roinnt comhpháirtithe sa tionscadal sin ó gach cearn den domhan lena n-áirítear an India, an Astráil, Ceanada agus SAM. Ag obair go dlúth le leanaí, scrúdófar sa tionscadal na bealaí cruthaitheacha agus nuálacha ar thug leanaí freagairt do na hathruithe atá ag tarlú dóibh le linn na paindéime agus ina diaidh. Táimid ag cur comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le modheolaíocht, uirlisí taighde agus acmhainní.

Folláine do Chách

Bhí an tOmbudsman do Leanaí páirteach sa ghrúpa Folláine do Chách ó 2015 i leith in éineacht leis an IPPN, NAPD, NPC Bunscoile agus an Chomhairle Mhúinteoireachta. Is cruinniú uathúil gníomhairí sa spás oideachais é agus is é an aidhm leis cultúr dearfach folláine a chothú sna scoileanna ar fad in Éirinn agus ina gclúdaítear gach ball de phobal na scoile (múinteoirí, foghlaiméoirí, tuismitheoirí agus foireann eile na scoile).

An Cíocras chun na Beatha

Tá an tOmbudsman do Leanaí ar an gcoiste stiúrtha do Chlár Scoileanna 'An Cíocras chun na Beatha' a bhfuil sé mar aidhm leis teacht aniar a fhorbairt, folláine a mhéadú agus lítearthacht mhothúcháinach leanaí scoile rang 3 go 6 a fheabhsú.

2

Covid-19 agus obair an OCO

Gearáin maidir le Covid-19

In 2021 fuair an OCO breis agus 900 gearán faoi shaincheistean a bhain le Covid-19. Scrúdaíomar na gearáin ar fad a fuaireamar agus chuireamar ar aghaidh iad chuig na seirbhísí ábhartha sa chás nach raibh an gearán laistigh dár sainchúram.

Chuir daoine a rinne teagmháil linn in iúl go raibh imní orthu faoin dóigh ar breithníodh leanaí i mbeartais an Rialtais agus an tionchar a bhí acu orthu, go háirithe leanaí i mbunscoileanna agus leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu.

Níl ról ag an OCO i gcomhairle sláinte poiblí maidir le Covid-19, ach tá ról againn maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil na treoirlínte sláinte poiblí á gcur chun feidhme agus á gcur in iúl. Ba cheart leas leanaí a chur san áireamh i gcinntí a bhaineann leo agus bhí tá sé tugtha le fios go soiléir againn le linn na paindéime nár chóir go mbeadh srianta a bhaineann le leanaí i bhfeidhm ach ar feadh an tréimhse is gairide ama. Thugamar chun suntais an gá atá le solúbthacht do leanaí agus na deacrachtaí a bhí os a gcomhair de bharr na n-athruithe ollmhóra a tharla le 2 bhliain anuas.

Le linn na paindéime, bhí an tOmbudsman do Leanaí i dteagmháil go seasta leis an Taoiseach, le hAíre Rialtais, leis an bPríomhoifigeach Leighis agus le hOifigigh Shinsearach na Roinne chun abhcóideacht a dhéanamh ar son leanaí.

Tá achoimre déanta thíos ar cuid de na saincheistean ba choitianta a d'ardaigh tuismitheoirí agus daoine eile a bhí i dteagmháil leis an OCO ar son leanaí.

— Srianta Covid-19 i scoileanna

Rinneadh teagmháil leis an OCO maidir le seomraí ranga fuara. I gcomhréir le comhairle sláinte poiblí, rinne an Roinn Oideachais treoir maidir le dea-chleachtais aerála a úsáid i scoileanna a eisiúint chuig gach scoil ar fud na tíre. Tá na bearta sin i bhfeidhm i scoileanna chun tabhairt isteach agus leathadh Covid-19 a chosc.

Cheap na daoine a rinne teagmháil leis an OCO go raibh na bearta sin díréireach agus éagórach ar leanaí, toisc go raibh siad fós i bhfeidhm i ndiaidh na tithe tábhairne a oscailt agus go bhféadfadh daoine fásta meascadh agus bualadh le chéile gan mórán srianta i bhfeidhm.

— An Ardteistiméireacht

Fuair an OCO roinnt teagmhálacha ó scoláirí, ó thuismitheoirí, agus ó mhúinteoirí maidir le scrúduithe na hArdteistiméireachta do 2022. Bhí formhór na ndaoine a rinne teagmháil linn ag lorg samhail hibrídeach cosúil le 2021, toisc gur cuireadh isteach ar fhreastal scoile mar gheall ar an bpaindéim. Cheap go leor scoláirí nár teagascadh an curaclam iomlán, agus go raibh siad faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le blianta na hArdteistiméireachta roimhe sin a

raibh an deis acu scrúduithe an Teastais Shóisearaigh a dhéanamh freisin. Ní raibh an deis ag go leor scoláirí de chuid Ardteistiméireachta 2022 scrúduithe an Teastais Shóisearaigh a dhéanamh.

— Maisc aghaidhe do leanaí 9 mbliana d'aois agus níos sine i scoileanna

Fuair an OCO líon mór teagmhálacha ó thuismitheoirí agus cúramóirí maidir le maisc aghaidhe ar leanaí i scoileanna. Bhí buaic ar leith ann i ndiaidh an fhógra tosaigh nuair a insíodh do na leanaí go bhféadfaí cead isteach sa scoil a dhiúltú dóibh mura raibh díolúine leighis acu. Ní raibh sé sin cóir ag cur san áireamh go mbeadh tionchar mór ag a gcúramóirí ar leanaí maidir le masc a chaitheamh nó gan masc a chaitheamh.

— Tuismitheoirí Scartha

Fuair an OCO teagmhálacha ó thuismitheoirí scartha a raibh deacrachtaí acu cuairteanna agus rochtain a choinneáil lena leanaí nár chónaigh leo. Chuir an Rialtas srianta taistil agus achair i bhfeidhm chomh maith le treoir “nach meascfadh dteaghlaigh le chéile”.

— Teaghlaigh Dhearmadta

Ciallaíonn na Teaghlaigh Dhearmadta cúinsí ina gcónaíonn leanaí sláintiúla le tuismitheoirí, cúramóirí nó baill teaghlaigh leochaileacha atá i mbaol an-ard leighis. Le linn ghéarchéim Covid-19, bhraith na teaghlaigh sin gur fágadh ina ndiaidh iad nuair a thosaigh srianta ag maolú toisc nach raibh a gcuid leanaí fós ábalta filleadh ar an seomra ranga, mar gheall ar eagla roimh ionfhabhtú, ach níor tugadh tacaíocht dóibh ach an oiread freastal ar ranganna ar líne.

Bhí a lán de na tuismitheoirí agus na cúramóirí leochaileacha ardriosca sin a bhain baol leighis leo ag iarraidh go gcuirfí oideachas ar a gcuid leanaí ó chian chun tógáil Covid-19 agus é a thabhairt do bhaill teaghlaigh leochaileacha a íoslaghdú. Ós rud é gur tugadh tacaíocht do leanbh a bhí leochaileach ó thaobh leighis de freastal ó chian, bhraith an cohórt sin de leanaí agus de theaghlaigh go raibh neamhaird déanta ag an Rialtas ar a gcás agus nár cuireadh a gcúinsí san áireamh.



— Leanaí faoi Mhíchumais

Laghdaíodh nó stopadh seirbhísí faoisimh leanaí atá faoi mhíchumas agus ag a bhfuil riachtanais chasta, cuid díobh a bhfuil cúram 24/7 de dhíth orthu, le linn na paindéime. Mhóthaigh siad chomh maith gur cuireadh a riachtanais leighis siar de bharr ghéarchéim Covid-19.

Bhí tionchar mór ag dúnadh na scoileanna ar leanaí faoi mhíchumas mar gheall ar an deacracht, agus uaireanta, an neamhábaltacht rochtain a fháil ar an gcianfhoghlaím chuí.

— Ospidéal Mháithreachais

Fuair an OCO teagmhálacha maidir leis na huaireanta laghdaithe cuairte in aonad naíonán nua-bheirthe ospidéal máithreachais le linn ghéarchéim Covid-19. Ábhar imní ar leith ba ea an chothromaíocht rochtana do thuismitheoirí leanaí a bhí faoi chúram an aonaid naíonán nua-bheirthe. Mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm tugadh cead do thuismitheoir cuairt a thabhairt ar an Aonad Naíonán Nua-bheirthe ar feadh uair an chloig gach lá. Ní raibh am breise ar bith ceadaithe do thuismitheoirí ag a raibh níos mó ná leanbh amháin, áfach, (cúpla, trírin, etc.).

Déantar mionscrúdú i Measúnacht Tionchair maidir le Cearta Linbh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag dlíthe, beartais, cinntí buiséid, cláir agus seirbhísí ar leanaí, de réir mar a fhorbraítear iad, agus sula ndéanfar cinneadh fúthu nó sula ndéanfar beart ina leith. Is féidir bealaí a shainaithint sa CRIA chun tionchair dhiúltacha maidir le cinneadh nó beart ar leanaí a sheachaint, sula gcuirfear i bhfeidhm é. Tá an mheasúnacht tionchair maidir le cearta an linbh (CRIA) aitheanta ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh mar bheart ríthábhachtach ar cheart do Stáit é a chur chun feidhme leis an tuiscint maidir le cearta leanaí a chur chun cinn faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC).

Díríodh ár CRIA ar an tionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna ar chearta leanaí in Éirinn. Rinneamar an CRIA sin idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2021 agus bhí athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha agus agallaimh le roinnt eagraíochtaí príomhpháirtithe leasmhara i gceist leis. Cé go raibh tionchar ag dúnadh na scoileanna in 2020 agus 2021 ar gach leanbh, rinneadh iniúchadh inár CRIA ar an tionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna ar chúig ghrúpa leanaí ar díriodh orthu in obair an OCO faoinár bPlean Straitéiseach 2019-2021: leanaí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu, leanaí gan dídean, leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach, leanaí faoi mhíchumas, agus leanaí Taistealaithe agus na Romach.

Measúnacht Tionchair maidir le Cearta Leanaí

An tionchar ag dúnadh na scoileanna ar chearta leanaí in Éirinn

Le linn na bliana 2021, ENOC agus UNICEF cuireadh d'Ombudóirí agus do Choimisinéirí do Leanaí ar fud na hEorpa agus na hÁise Láir tabhairt faoi mheasúnacht tionchair phíolótach maidir le cearta an linbh (CRIA) faoi thionchar bhearta Covid-19 ar chearta leanaí. Bhí an OCO ar cheann de 13 eagraíocht a ghlac páirt sa tionscadal seo.

Tugtar an méid seo a leanas le fios inár dtorthaí

- mhothaigh grúpaí áirithe leanaí na tionchair dhiúltacha a bhain le dúnadh na scoileanna go mór, lena n-áirítear na cúig ghrúpa ar dhíríomar orthu
- ní mór don Stát cearta leanaí a phlé go cuimsitheach agus cinntí á ndéanamh a théann i bhfeidhm ar leanaí agus níos mó aird a thabhairt ar bhearta speisialta a theastaíonn chun an tionchar díréireach a d'fhéadfadh a bheith ag cinntí ar ghrúpaí áirithe leanaí a mhaolú, lena n-áirítear cásanna éigeandála

Maidir leis na cearta sonracha a breithníodh inár CRIA, fuaireamar an méid seo a leanas

- Bhí tionchar diúltach den chuid is mó ag dúnadh na scoileanna ar cheart leanaí chun oideachas a fháil. Bhí tionchar díréireach orthu siúd a bhí faoi mhíbhuntáiste oideachais cheana féin.
- Bhí tionchair dhiúltacha go príomha ag dúnadh na scoileanna ar cheart leanaí ar an gcaighdeán is airde sláinte agus is féidir a bhaint amach, lena n-áirítear meabhairshláinte.
- Bhí tionchar diúltach ag dúnadh na scoileanna ar cheart leanaí ar chothú imleor toisc gur chiallaigh an dúnadh nár bhain bia a cuireadh ar fáil faoi Chlár na mBéilí Scoile gach leanbh amach a d'fhéadfaí é a fháil murach sin.
- Le dúnadh na scoileanna, mar aon le bearta dianghlása eile, méadaíodh neamhchosaint leanaí i leith dochair nó mí-úsáide, foréigean baile san áireamh. Le dúnadh na scoileanna chomh maith, laghdaíodh na deiseanna do ghairmithe scoilbhunaithe le himní faoi chosaint agus leas leanaí a aithint, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú.
- Ní dhearnadh riachtanais grúpaí sonracha leanaí a phlé nó a réiteach go leordhóthanach i gcinntí maidir le dúnadh agus athoscailt scoileanna. Bhí tionchar diúltach díréireach ag dúnadh na scoileanna ar ghrúpaí áirithe leanaí.
- Tá dearcthaí éagsúla ann maidir le cibé ar bhreithnigh an Rialtas leas leanaí, agus cá mhéad a breithníodh iad, agus cinneadh á dhéanamh acu faoi scoileanna a dhúnadh. Tá imní ann faoin tionchar a bhí ag dúnadh scoileanna ní hamháin ar fhoghlaím leanaí, ach ar a bhforbairt shóisialta agus mhothúcháinach freisin.
- Ní shoiléirítear le haon chuid den fhaisnéis a athbhreithníodh don CRIA seo cé acu ar iarradh tuairimí leanaí nó conas a d'iarradh iad agus ar tugadh aird chuí orthu maidir le cinntí faoi dhúnadh na scoileanna.

I measc ár moltaí comhfhreagracha tá

- Ba cheart don Rialtas tabhairt isteach an CRIA a bhreithniú go dáiríre lena chinntiú go mbreithneofar cearta leanaí go cuí, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála.
- Ba chóir na struchtúir chomhordaithe atá ann cheana maidir le hábhair a bhaineann le leanaí a neartú tuilleadh agus iad a úsáid go héifeachtach i gcásanna éigeandála.
- Ba cheart go ndéanfaí measúnú cuimsitheach chun tuiscint a fháil ar na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais a leithdháileadh go dtí seo chun tionchair dhiúltacha dhúnadh na scoileanna ar leanaí a mhaolú agus ar na hacmhainní breise a theastaíonn chun tacú le téarnamh leanaí ó na tionchair dhiúltacha sin.
- Ba cheart obair a dhéanamh chun easnaimh ghaolmhara ar leith i sonraí a shainaithint ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus ar easnaimh ábhartha.
- Ba chóir go gcuirfí le scoileanna na ndaoine a dhéanann cinntí a bhaineann le leanaí ionas go ndéanfar cearta leanaí a chomhtháthú go héifeachtach sna próisis chinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar leanaí i gcásanna éigeandála.

A Better Normal


Le linn na paidéime, bhú an OCO ag labhairt ar son leanaí agus ag múscailt feasachta faoi thionchar na srianta ar chearta leanaí. Mar sin féin, bhíomar ag iarraidh breathnú níos leithne a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar leanaí san fhadtarma agus conas is féidir linn ár dtionchar a úsáid, mar oifig, chun athrú dearfach a dhéanamh. Theastaigh uainn an aclaíocht a léirigh an Rialtas le linn na paidéime a léiriú, agus a thabhairt chun suntais gur féidir athrú suntasach a dhéanamh go tapa.

Chinneamar díriú ar bhochtaineacht leanaí agus ar easpa dídine leanaí; dhá shaincheist a bhfuil impleachtaí fadtéarmacha ag baint leo do leanaí, dá bhforbairt agus dá n-acmhainn barr a gcumais a bhaint amach. Roghnaíodh na saincheisteanna sin chomh maith mar gheall ar ghealltanais na hÉireann mar chuid de Ráthaíocht AE do Leanaí, maidir le tithíocht mar chuid de Dhearbhú Liospóin agus le Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile nua a dhréachtú. Tá fiordheis anseo leis an obair atá ar siúl i ranna éagsúla a thabhairt le chéile agus béim a chur ar leanaí agus ar thiomantas don athrú.

Bhí cruinnithe ar siúl leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Naomh Uinseann de Pól, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, Barnardos agus Ceartas Sóisialta Éireann chun na tacaíochtaí agus na bearta a theastaíonn chun an dá shaincheist mhóra sin a phlé. A Better Normal; bhí tionscnamh chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí agus deireadh a chur le heaspa dídine leanaí mar thoradh ar an bpróiseas sin, agus lorgaíomar Comhchoiste Oireachtais traspháirtí, le teorainn ama chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar na

saincheisteanna sin agus cearta leanaí mar phríomhbhuairt. Scríobhamar chuig ceannairí na bpáirtithe agus tionóladh roinnt cruinnithe lena n-áirítear cruinnithe leis an Taoiseach, leis an Tánaiste, leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le ceannairí páirtithe eile agus le hurlabhraithe ar son leanaí. Bhuaileamar leis an gCeann Comhairle chomh maith agus scríobhamar chuig Comhchoiste Gnó an Oireachtais chun a mholadh go ndéanfaí díospóireacht ar A Better Normal sa Dáil. Bhí díospóireacht na Dála ar A Better Normal ar siúl ar an 23 Meán Fómhair. Rinneadh tuilleadh teagmhála le Comhchoiste an Oireachtais um Leanaí, Míchumas, Comhionannas, Lánpháirtíocht agus Óige; an Coiste Coimirce Sóisialaí, Pobail, Forbartha Tuaithe agus na nOileán; agus an Coiste Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Tá an OCO fós ag obair ar A Better Normal agus ag éileamh go gcuirfí deireadh le heaspa dídine leanaí agus go gcuirfí deireadh le bochtaineacht leanaí.





Ella - Fáil ar ríomhaire glúine chun cuidiú leis an obair scoile

*Is cailín 12 bhliain d'aois í Ella a bhfuil Disléicse uirthi. Rinne múinteoir ina bunscoil iarratas ar ríomhaire glúine chuig Eagraí na Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) áitiúil nuair a bhí sí 10 mbliana d'aois chun cuidiú lena gcuid oibre scoile. Diúltaíodh an t-iarratas gan aon mhíniú nó faisnéis ar conas achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Cuireadh an diúltú in iúl do thuismitheoirí Ella trí nóta gearr lámhscríofa. Ba chóir gurbh leor diagnóis Ella agus na riachtanais a bhí leagtha amach san iarratas chun go gcáileoidh sí don teicneolaíocht chúnta sin. Bhog Ella go scoil nua agus d'éirigh leis an dara hiarratas thar ceann Ella, a rinne múinteoir dhá bhliain ina dhiaidh sin. Bhí díomá agus frustrachas ar a múinteoir agus ar a thuismitheoirí, áfach, nár cuireadh an t-iarratas roimhe seo ar aghaidh i gceart agus cheap siad go raibh tionchar diúltach aige sin ar Ella don tréimhse nach raibh fáil aici ar an ríomhaire glúine. Dúirt an príomhoide linn go raibh sé níos deacra ag Ella a cumas acadúil a bhaint amach gan ríomhaire glúine, go háirithe nuair a dúnadh na scoileanna. Rinne príomhoide nua Ella gearán linn ar son Ella, le cead óna thuismitheoirí.

Cad a rinneamar

Scríobhamar chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus d'iarramar orthu an t-ábhar ar fad a bhain leis an gcéad iarratas do Ella le haghaidh ríomhaire glúine agus d'iarramar a dtuairim ar cad a tharla. D'iarramar orthu a insint dúinn conas a phróiseáiltear iarratais mar sin agus conas a chuirtear cinntí in iúl do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Dúirt an NCSE linn, i ndiaidh dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a dtaifid, nach ndearnadh an chéad iarratas a rinneadh maidir le Ella a chur ar aghaidh nó a thaifeadadh mar is ceart. Níor lean an SENO a fuair an t-iarratas na nósanna imeachta cearta agus ní raibh sé sin ag teacht leis na caighdeáin atá leagtha amach i gCairt Custaiméirí an NCSE.

Toradh

Gheall an NCSE oiliúint athnuachana a sholáthar don bhall foirne lena mbaineann agus do bhaill foirne eile a phróiseálann iarratais ar theicneolaíocht chúnta. D'iarramar ar an NCSE a chinntiú nach rachaidh earráidí riaracháin cosúil le cás Ella i bhfeidhm ar leanaí ar bith eile, agus dearbhaíodh dúinn nach bhfuarthas aon fhianaise go raibh tionchar diúltach ar bith ar leanaí eile. Scríobh an NCSE go díreach chuig thuismitheoirí Ella, agus chuir siad béim ar an earráid agus ghabh siad a leithscéal le Ella agus lena thuismitheoirí.

*Athraíodh gach ainm chun a gcéannacht a chosaint

Laura – Gan díolúine ón nGaeilge agus ag titim níos faide ar gcúl de bharr Covid

*Bhí Laura, atá 11 bliain d'aois, agus a teaghlach ina gcónaí thar lear sular bhog siad abhaile go hÉirinn in 2019. Chláraigh Laura ar scoil den chéad uair i mí na Samhna 2019 agus chuir a tuismitheoirí isteach ar dhíolúine ón nGaeilge i mí na Nollag 2020. Shéan an scoil é seo ina dhiaidh sin. Cuireadh achomharc ansin chuig Coiste Achomharc Díolúintí ón nGaeilge de chuid na Roinne Oideachais mar gur bhraith tuismitheoirí Laura nach mbeadh sí ábalta ábhar nua a fhoghlaim nó teacht suas le hábhar nua le linn tréimhsí fadaíthe dianghlása agus lasmuigh de shuíomh traidisiúnta na scoile. Dhiúltaigh an Coiste Achomharc an t-achomharc toisc nár chomhlíon an t-iarratas na ceithre chritéar atá leagtha amach agus ní raibh siad ábalta lánrogha a fheidhmiú ar fhorais atruacha i gcúinsí eisceachtúla.

Chuaigh tuismitheoirí Laura i dteagmháil lenár nOifig chun cur síos a dhéanamh ar an deacracht a bhí ag Laura ar scoil agus ar an dóigh a raibh sí ag streachailt le teanga nua a fhoghlaim i ndiaidh dhá bhliain de chleachtais teagaisc ad hoc le linn na dianghlása. Bhí Laura faoi bhrú an Ghaeilge a fhoghlaim agus a bheith ar an leibhéal céanna lena piaraí i rang 4, toisc nach raibh aon eolas nó taithí aici ar an teanga roimhe sin. Thosaigh sé sin ag dul i gcion ar fholláine Laura agus chuir sé isteach ar a dearcadh i leith obair bhaile agus na scoile i gcoitinne, mar go raibh an méid sin imní uirthi.

Cad a rinneamar

Scríobhamar chuig an Roinn Oideachais agus léiríomar cúinsí eisceachtúla an cháis sin. Thugamar achoimre ar an dóigh a ndeachthas i gcion go mór ar leanaí cosúil le Laura maidir lena gcumas teanga nua a fhoghlaim tríd an dianghlasáil náisiúnta, i gcás nach bhféadfaí modhanna agus cleachtais thraidisiúnta teagaisc a chur i bhfeidhm.

Mhínigh an Roinn nach mbeifí ag súil go mbeadh Laura ag an leibhéal is gnách do scoláirí rang 4 atá ag foghlaim na Gaeilge ó bhí siad sna Naíonáin Shóisearacha. Mhínigh an Roinn gur cheart tacaíocht a thabhairt do Laura agus eispéireas foghlama difreáilte a chur ar fáil di de réir a cuid riachtanas, agus go bhféadfadh an príomhoide smaoineamh freisin ar chomhairliúchán le síceolaí ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

Dúirt an Roinn go raibh iarratais faighte acu do scoláirí a chláraigh ar dtús i rang 4 le linn 2019/20 nó 2020/21 ach go ndearnadh cinneadh gan na scoláirí sin a chur san áireamh san Fhógra Díolúine, rud a chuireann in iúl an mbeidh orthu staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an mbunleibhéal agus an mbeidh orthu an scrúdú iontrála a dhéanamh. Dúirt siad go mbeadh bliain acadúil iomlán ag na leanaí lena mbaineann sa bhunscoil gan aon dúnadh scoileanna, agus roimh chlárú san iar-bhunscoil, rud ar bunús leordhóthanach é le tosú ag foghlaim na Gaeilge ag an leibhéal cuí.

An Toradh

Cé gur chinn an Roinn nach bhfuil díolúine le fáil sa chás sin, chuir an OCO béim ar an tionchar diúltach suntasach ar an ngrúpa leanaí sin. Mar gheall ar an dúshlán a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar ábhar nua i gcúinsí gan choinne amháil dianghlas, cuireadh isteach ar bhealach diúltach ar a gcumas bheith páirteach go hiomlán i suíomhanna oideachais traidisiúnta agus d'fhág sé na leanaí sin faoi mhíbhuntáiste. Leis an ionchas go bhfuil sé riachtanach do leanaí faoi na cúinsí áirithe sin leanúint ar aghaidh leis an oideachas Gaeilge isteach san iar-bhunscoil, cuirtear brú míchuí orthu. Ní cosúil go gcuirtear san áireamh leis éifeacht leanúnach asláithreachta na múinteoirí agus na scoláirí i measc tosca eile a tharla i rith na scoilbhliana reatha 21/22. Cuideoidh cás Laura le hanailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim fhoriomlán díolúine ón nGaeilge a chuirfidh an OCO faoi bhráid na Roinne lena athbhreithniú in 2022.



Ceardlanna um oideachas um chearta

Bhí cosc fós ar chuairteanna ag scoileanna agus ag grúpaí óige ar an oifig le haghaidh 2021 mar gheall ar shrianta leanúnacha sláinte poiblí. Bhí díomá orainn faoi sin toisc nár úsáideadh ár spás oideachais agus rannpháirtíochta a athchóiríodh le déanaí den chuid is mó, agus bhí teorainn ar ár rannpháirtíocht dhíreach, phearsanta le leanaí, ar cuid lárnach dár gcuid oibre í.

Ag baint leas as ár gcuid oibre feasachta ar chearta cianfhoghlaime in 2020, leanamar ag cur acmhainní oideachais ar fáil ar líne. Cuireadh iad sin chun cinn trí ScoilNet (tairseach oifigiúil na Roinne Oideachais agus Scileanna d'oideachas na hÉireann) agus trí Chumann Múinteoirí Polaitíochta agus Sochaí na hÉireann (PASTAI). Bunaithe ar ár gclár píolótach in 2020, sholáthraíomar 18 gceardlann ar chearta an linbh ó chian trí Zoom. Bhain deich gcinn díobh sin le bunscoileanna agus ghlac 241 leanbh páirt iontu. Soláthraíodh ocht gceardlann agus ceardlann amháin sa scoil do scoileanna an dara leibhéal agus bhí 164 scoláire páirteach iontu.

Bhí trí sheisiún i gceist leis na ciancheardlanna: an chéad cheann le foireann an OCO inar fhoghlaime na leanaí faoina gcearta faoin UNCRC agus faoi obair na hoifige; rang leantach inar oibrigh scoláirí lena múinteoir chun póstaer a dhéanamh ar chearta an linbh nó ar cheart ar leith a roghnaigh siad (bunscoileanna) nó clár fógraí nó fógra chun gníomhaíocht an Rialtais ar chearta an linbh a spreagadh (meánscoileanna); seisiún deiridh le foireann an OCO inar phléigh na leanaí a gcuid oibre tionscadail agus aon cheisteanna nó saincheisteanna a tháinig chun cinn as.

Socrúcháin oibre na hIdirbhliana

Is cuid d'obair an OCO le blianta fada é roinnt scoláirí de chuid na hIdirbhliana a óstáil ar shocrúchán oibre. Go dtí 2020, d'fhreastail na scoláirí sin ar ár n-oifig ar feadh seachtaine, chaith siad am le gach rannóg san oifig ag foghlaim faoinár gcuid oibre, d'fhreastail siad ar cheardlanna ar chearta an linbh agus rinne siad tionscadal ar cheart a raibh suim ar leith acu ann.

Cosúil lenár gceardlanna, ní rabhamar ábalta socrúcháin phearsanta a thairiscint do scoláirí na hIdirbhliana ó thús 2020. Bhí fonn orainn leanúint le socrúcháin a thairiscint, áfach, go háirithe do scoláirí i scoileanna DEIS. I ndiaidh ciansocrúcháin a thriail ag deireadh 2020 agus ag cur san áireamh an t-aiseolas dearfach go ginearálta ó na rannpháirtithe, leanamar leis na ciansocrúcháin sin a fhorbairt agus a thairiscint in 2021.

Ghlac sé scoláire de chuid na hIdirbhliana, ceithre scoláire acu a bhí ag freastal ar scoileanna DEIS, ciansocrúcháin oibre i rith na bliana, ag bualadh agus ag obair leis an bhFoireann Oideachais Rannpháirtíochta agus Ceart, baill foirne eile ar fud na hoifige agus lena chéile trí Zoom gach lá. Sholáthair gach scoláire blag ag deireadh a socrúcháin ar cheisteanna ceart ar spéis leo nó ar ábhar imní dóibh iad. Tá na blaganna sin postáilte ar ár leathanaigh ghréasáin 'It's Your Rights'. Bhain na scoláirí a ghlac páirt inár socrúcháin Idirbhliana taitneamh as an taithí leis an OCO:

Agus muid ag súil le 2022 agus leis an bhféidearthacht scoláirí na hIdirbhliana a óstáil san oifig, tá na deiseanna sin curtha ar fáil mar gheall ar shocrúcháin ó chian do scoláirí nach raibh ábalta leas a bhaint astu roimhe seo, go háirithe iad siúd a bhfuil cónaí orthu achair fhada ó Bhaile Átha Cliath. Ag féachaint amach romhainn, breithneoidimid ar an mbealach is fearr chun socrúcháin phearsanta ar an láthair a chumasc le tairiscint ó chian.

*Dear
cellie*

**“Thaitin an taithí seo liom,
ar an iomlán. Bhí sé go deas foghlaim
faoin OCO agus smaoinoidh mé air seo
amach anseo. Bhí sé go han-deas bualadh
le daoine nua fiú le linn na paindéime seo
toisc go bhfuil sé deacair labhairt le
daoine nua agus gníomhaíochtaí
eile a dhéanamh.”**



Mic Léinn na Polaitíochta agus na Sochaí

Cuid lárnach de churaclam na Polaitíochta agus na Sochaí is ea tuarascáil ar Thionscadal Saoránachta a chur i gcrích, bunaithe ar thaighde, ar anailís agus ar mhachnamh. Sa scoilbhliain 2020/2021, ba é rogha amháin maidir leis an Tionscadal Saoránachta do scoláirí imscrúdú a dhéanamh an mbeadh srian aoise ar úinéireacht fóin chliste ina chosaint nó ina shéanadh ar chearta an linbh agus moltaí a dhéanamh don Aire Leanaí agus d'eagraíocht leanaí ábhartha. In 2021, roghnaigh 20 grúpa scoláirí a gcur i láthair a chur isteach ar chearta an linbh chun fóin chliste a bheith acu agus a úsáid. I bhformhór na gcásanna, d'iarr scoláirí freagra scríofa ar a n-iarratas. Maidir leis sin, scríobhamar chuig gach grúpa scoláirí ag gabháil buíochais leo as a gcuid oibre agus ag tabhairt freagra ar na ceisteanna sonracha a ardaíodh de réir mar ba chuí. D'iarr dhá ghrúpa scoláirí cruinnithe linn. Tionóladh an dá chruinniú sin ar Zoom agus tugadh deis do na scoláirí iontu torthaí a dtaighde agus a moltaí a chur os ár gcomhair agus tuilleadh plé a dhéanamh ar na hábhair a ardaíodh.


Clár 3ú leibhéal

Tá sé tábhachtach go mbeadh eolas agus feachtas ag gairmithe a oibríonn le leanaí – lena n-áirítear múinteoirí, gairmithe luathbhlianta, oibríthe sóisialta, agus oibríthe cúraim shóisialta – maidir le cearta an linbh agus conas is féidir leosan, mar ghairmithe, páirt ghníomhach a ghlacadh maidir le cearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn ina gcuid oibre. Tá sé tábhachtach dúinne freisin go mbeidh eolas acu faoin Oifig agus faoina cuid oibre. Is cuid leanúnach dár gcuid oibre é cur leis an eolas agus leis an bhfeachtas sin agus baintear é sin amach trí sheimineáir agus léachtaí tríú leibhéal a sholáthar.

Le dhá bhliain anuas, chuir srianta leanúnacha sláinte poiblí isteach ar sholáthar ceardlann agus léachtaí tríú leibhéal agus in 2021 sholáthraíomar

iad sin ó chian agus go pearsanta nuair a osclaíodh campais ollscoile i mí Mheán Fómhair. Sholáthraíomar dhá sheimineár ó chian agus sholáthraíomar trí cinn go pearsanta. Ar an iomlán, ghlac 104 mac léinn tríú leibhéal páirt sna ceardlanna agus sna léachtaí sin i gceithre institiúid tríú leibhéal. Ag teacht le tionchar Covid-19, tá sé sin i bhfad níos lú ná mar is gnách agus táimid ag tnúth le dul ar ais ar na campais agus le níos mó ciansheimineár agus cianléachtaí a sholáthar in 2022.

In 2021 tugadh cuireadh dúinn ár gcéad cheardlann tríú leibhéal a sholáthar do mhic léinn iarchéime na síceolaíochta cliniciúla in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bunaithe air sin, chinneamar na ceardlanna sin a thairiscint do na scoileanna síceolaíochta agus na scoileanna altranaís sna hollscoileanna ar fud na tíre. Bhí an fhreagairt air sin thar a bheith dearfach agus tá seimineáir sceidealaithe ag a bhformhór do 2022. Is rud iontach é sin don Oifig go bhfuil síceolaithe agus altraí ina dhá ghairm thábhachtacha nach raibh teagmháil againn leo roimhe seo maidir le hoideachas agus múscailt feachtas faoi chearta. Táimid ag tnúth ní hamháin leis na léachtaí agus na seimineáir sin a sholáthar, ach freisin le foghlaim ó na cohóirt nua mac léinn sin faoi na deiseanna agus na dúshlán atá rompu agus iad ag glacadh le cur chuige bunaithe ar chearta an linbh ina ngairmeacha.





Fiadh – Láimhseáil gearán sna Seirbhísí Sláinte

Bhí Fiadh 10 mí d'aois nuair a rinne a máthair teagmháil linn. Bhí sí san ospidéal ó rugadh í mar gheall ar ghalar néaraigéiniteach. Rinne máthair Fiadh, Marie, gearán foirmiúil leis an FSS i mí Lúnasa 2021i ndáil le haistriú ospidéil a hiníne, rud a dhiúltaigh a saoráid cúraim phríomhúil in ospidéal áitiúil de bharr easpa foirne. Ag an am sin, bhí Fiadh in ospidéal eile gan ceachtar de na tuismitheoirí léi toisc go raibh sé ar an taobh eile den tír. Chuir Marie in iúl dúinn gur fhill Fiadh ar a ospidéal áitiúil ag tús mhí Mheán Fómhair 2021 agus ansin, i mí Dheireadh Fómhair 2021, gur scaoileadh ón ospidéal sin í gan páipéir scaoilte amach nó plean cúraim.

Chuir Marie gearán foirmiúil isteach chuig próiseas gearáin an FSS 'Your Service Your Say' i mí Lúnasa 2021, agus admhaíodh é laistigh de chúpla lá. Cuireadh in iúl do Marie go bhfaigheadh sí freagra ar a gearán i dtús mhí Dheireadh Fómhair 2021. Rinneadh teagmháil léi trí litir ar an 7 Deireadh Fómhair 2021 lena chur in iúl di go raibh níos mó ama de dhíth chun a gearán a fhiosrú agus go seolfaí freagra chuici faoi dheireadh mhí na Samhna 2021. Ar an 24 Samhain 2021, chuaigh an OCO i dteagmháil le Gnóthaí Tomhaltóirí an FSS ag fiosrú faoin bhfreagra a bhí fós le réiteach agus cuireadh in iúl dó go bhfaigheadh Marie freagra faoi mhí thús mhí na Nollag 2021. An ar 8 Nollaig 2021, fuair

Marie litir eile ón ospidéal inar ghabh siad a leithscéal as an moill ina sonraíodh go raibh níos mó ama fós de dhíth chun an gearán a imscrúdú agus go n-eiseofaí freagra faoin 7 Eanáir 2022. Níor tharla sé sin.

Cad a rinneamar

Scríobh an OCO chuig Abhcóideacht na nOthar san ospidéal áitiúil chun eolas a iarraidh faoi phlean cúraim scaoilte amach Fiadh, conas a bhíodhas ag déileáil lena gearán agus cóipeanna dá bpolasaithe maidir le gearáin a láimhseáil. D'iarramar línte ama le haghaidh freagraí freisin agus spreagamar iad chun dul i dteagmháil le máthair Fiadh faoin ngearán. D'fhreagair an t-ospidéal ag míniú gur tharla go leor de na moilleanna sa chás sin mar thoradh ar fadhbanna ball foirne mar gheall ar asláithreacht i ndáil le Covid-19, chomh maith le poist altranaís a bhí folamh. Sholáthair siad eolas faoi na céimeanna a glacadh chun cumarsáid leis an teaghlach a fheabhsú chomh maith le sonraí faoi thacaíochtaí agus bearta iarchúraim Fiadh.

Toradh

Sholáthair an t-ospidéal liosta céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'ardaigh teaghlach Fiadh agus tá sé ag obair go gníomhach orthu sin faoi láthair. Tá freagra eile le heisiúint ag an ospidéal chuig an OCO mar aon le sonraí breise faoin dóigh a bhfuil siad ag plé leis an ngearán.

Scéim Ghinearálta an Bhille Meabhair- Shláinte (Leasú) 2021

Tá inní mhór léirithe ag an OCO roimhe seo faoin gcreat reachtuil dá bhforáiltear faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001 (Acht 2001) maidir le leanaí. Táimid buartha freisin faoin moill ar athchóirithe reachtaíochta comhfhreagracha sa réimse sin a chur chun cinn. Dá réir sin, cuirimid fáilte roimh an obair atá déanta ag an Roinn Sláinte chun dréacht-Chinntedil de Bhille Meabhair-Shláinte (Leasú) a chur ar aghaidh.

Ba mhór againn iarratas na Roinne chuig an OCO maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dréacht-Cheannteidil Chuid 8 den Bhille in 2020 agus arís in 2021 agus comhairle a thabhairt ina leith, sula bhfoilsíodfaí Scéim Ghinearálta an Bhille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2021 (Scéim Ghinearálta) i mí Iúil 2021. I mí na Nollag 2021, d'fhoilsíomar ár mbarúlacha ar Chuid 8 den Scéim Ghinearálta, a bhaineann le hiontráil leanaí i saoráidí faofa d'othair chónaitheacha agus le cóireáil leanaí sna saoráidí sin.

Cuirtear deis shuntasach ar fáil sa Scéim Ghinearálta chun reachtaíocht a rith le haghaidh cur chuige bunaithe ar chearta an linbh maidir le cinnteoireacht i ndáil le leanaí a bhféadfadh cúram agus cóireáil othar cónaitheach a bheith ag teastáil uathu dá meabhairshláinte. Mar a léiríomar inár dtuairimí, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na forálacha a dhéanfar oiriúnach don fheidhm agus tacaímid leis an moladh go n-áireofaí cuid thiomnaithe (Cuid 8) a díreáir ar fhorálacha a bhaineann le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ní thugtar dóthain airde i roinnt de na moltaí reatha faoi Chuid 8 ar chearta agus ar inniúlachtaí forbartha an linbh. Ní sholáthraítear a dhóthain leo le haghaidh cur chuige páistelárnach, bunaithe ar chearta maidir le hiontráil leanaí i saoráidí faofa d'othair chónaithe agus cóireáil sna saoráidí sin. Chuireamar béim ar roinnt saincheisteanna sa Scéim Ghinearálta a chreidimid gur gá iad a bhreithniú tuilleadh lena n-áirítear:

- na treoirphrionsabail atá beartaithe a bheidh i bhfeidhm maidir le cinntí a bhaineann le hiontráil agus cóireáil leanaí
- an cur chuige atá molta maidir le toiliú do leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois
- an cur chuige atá molta maidir leis na catagóirí 'duine idirmheánach' agus 'duine deonach' a chur i bhfeidhm ar leanaí
- an moladh iontráil leanaí i saoráidí aosach a chur ar bhonn reachtúil
- infhaighteacht abhcóideachta do leanaí
- ceapachán caomhnóirí ad litem do leanaí.

Chuir Fochoiste an Oireachtais um Meabhairshláinte tús lena ghrinnscrúdú réamhreachtúil ar an Scéim Ghinearálta i mí na Samhna 2021. I mí Eanáir 2022, tháinig an OCO os comhair an Fhochoiste chun ár dtuairimí a phlé maidir le forálacha molta a théann i bhfeidhm ar leanaí faoi Chuid 8. Leanfaimid le haghaidh a thabhairt ar na forbairtí a bhaineann leis an reachtaíocht thábhachtach sin le linn 2022.



5

Tithíocht



Clann Donnelly – Trí bliana i gCóiríocht Éigeandála

*Tá beirt pháistí ag James agus Patricia, James Beag atá sé bliana d'aois agus Rosie atá trí bliana d'aois. I mí an Mhárta 2021 rinne seirbhís idirghabhála dlí, a ghníomhaigh mar abhcóidí don teaghlach, gearán in éadan údaráis áitiúil mar go raibh an teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála ó bhí 2018 ann.

Tháinig Rosie ar an saol i gcóiríocht éigeandála agus mar gheall ar fhadhb sláinte nuair a rugadh í, scríobh dochtúirí chuig an údarás áitiúil ag léiriú a n-imní faoi oiriúnacht na cóiríochta a cuireadh ar fáil.

Áiríodh sa ghearán fadhbanna cothabhála agus deisiúcháin ag an gcóiríocht éigeandála nár tugadh aghaidh orthu, lena n-áirítear poll sa tsíleáil a raibh an bháisteach ag teacht isteach tríd. Ardaíodh an dóigh ar láimhseáil na húdaráis áitiúla gearán a rinne abhcóidí i mí Eanáir 2021 chomh maith.

Cad a rinneamar

Labhraíomar leis na habhcóidí, leis an teaghlach agus leis an údarás áitiúil i rith mhí an Mhárta 2021 chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach luath; chun aghaidh a

thabhairt ar na deisiúcháin láithreacha a bhí de dhíth agus ar an ngearán a bhí fós le réiteach. Chuireamar ceist ar an údarás áitiúil faoi conas a bhí riachtanais chóiríochta an teaghlaigh á mbainistiú agus na cúiseanna leis an moill iomarcach. Sa chineál sin gearáin bhíomar feasach go bhfuil stoc tithíochta teoranta ar fáil d'údaráis áitiúla agus go bhfuil éileamh mór air.

Ar an drochuair, níor freagraíodh na ceisteanna a d'ardaíomar agus bhí na fadhbanna fós ann. Ghéaraíomar ár rannpháirtíocht leis an údarás áitiúil go leibhéal an Stiúrthóra Oibríochtaí agus scríobhamar go foirmiúil ag leagan amach ár n-údaráis faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002. Lorgaíomar na taifid go léir a bhain le rannpháirtíocht na n-údaráis áitiúil leis an teaghlach chomh maith leis na beartais agus na nósanna imeachta lena cuireadh bonn eolais faoina bhfreagrachtaí sa chás sin.

Idir an dá linn bhuaileamar le James agus Patricia agus a gcuid leanaí ionas chun go mbeadh eolas níos fearr againn faoina gcúinsí agus go gcloisfimid faoin tionchar a bhí ag na fadhbanna lena mbaineann orthu.

Toradh

Fuaireamar dea-scéala i mí na Samhna 2021. Bhí teach trí sheomra leapa sainaitheanta ag an údarás áitiúil don teaghlach agus bhog siad isteach ann ar an 1 Nollaig 2021.

Dúirt an t-údarás áitiúil freisin go rachadh siad i dteagmháil leis na habhcóidí chun feabhas a chur ar an gcumarsáid leo, agus gur ardaíodh na ceisteanna deisiúcháin

leis an ngníomhaireacht a choimeádann an chóiríocht éigeandála.

Nuashonrú

Nuair a bhíomar ag caint leis an teaghlach an uair dheireanach i mí Eanáir 2022 bhí an-áthas orthu lena dteach agus anois agus a n-áit féin acu tá an saol níos fearr dóibh go léir. Labhair James faoin bhfeabhas ar a mheabhairshláinte fhoriomlán agus labhair Patricia faoi níos lú brú ar chaidreamh na lánúine féin.

Dúirt an bheirt acu go bhfuil James Beag agus Rosie “cosúil le leanaí difriúla” agus gur breá leo a gcuid seomraí féin a bheith acu agus go bhfuil páirt glactha acu i ngníomhaíochtaí éagsúla ina gceantar agus iad ag déanamh cairde sa chomhthéacs sin.

Alex agus Chris – Leanaí faoi chúram atá i mbaol easpa dídine

Rinne tuismitheoirí altrama *Alex agus Chris, beirt deartháireacha óga leochaileacha faoi bhun 5 bliana d’aois, teagmháil linn. Chuir na gairmithe a raibh baint ach le cúram na leanaí síos ar na tuismitheoirí altrama, ar ghaolta leis na buachaillí leis, mar dhaoine a ‘sholáthraíonn theach grámhar cobhsaí’, agus atá ‘an-tiomanta do chúram na leanaí’.

Rinne an teaghlach teagmháil linn toisc go raibh siad i mbaol easpa dídine toisc gur athshealbhaíodh a dteach príobháideach ar cíos. Cé nach raibh fógra faighte acu fós chun an áitreabh a fhágáil, bhí an-imní orthu faoin tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ag a gcás tithíochta forbhásach ar Alex agus ar Chris. Bhí an teaghlach ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil, ach ní raibh siad soiléir cad a bhí ag tarlú lena gcás.

Bhí riachtanais shuntasacha leighis agus theiripeacha ag Alex agus Chris, lena n-áirítear riachtanais a tháinig as míchumais diagnóisithe agus cheaptha. Bhí siad páirteach i seirbhísí teiripeacha agus leighis, agus bhí imní ar na tuismitheoirí

altrama faoi cad a tharlódh dá mbeadh ar an teaghlach bogadh amach as an gceantar áitiúil. Léirigh na tuismitheoirí altrama imní freisin go bhféadfadh sé go mbeadh ar na leanaí an teaghlach a fhágáil, dá gcaithfeadh an teaghlach bogadh isteach i gcóiríocht éigeandála. Bhí an-imní ar an teaghlach, dá mbeadh ar na leanaí a gcúram a fhágáil ar ghearrfhógra, go bhféadfaí na sibliní a scaradh óna chéile.

Cad a Rinneamar

Bhí an teaghlach, arb as an bpobal taistealaithe iad, ag déileáil leis an Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe (TAU) i rannóg tithíochta a gcomhairle áitiúil. I gcomhréir le prionsabail an ombudsman, spreagamar an teaghlach teagmháil a dhéanamh le próiseas gearán na comhairle. Scríobhamar chuig an gcomhairle freisin chun réiteach luath a chur chun cinn, tríd an gcomhairle a spreagadh chun dul i dteagmháil leis an teaghlach ar mhaithe leis na leanaí ar fad a bhí i gceist. Mar fhreagra air sin, rinne an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe teagmháil lenár nOifig chun cás an teaghlaigh a phlé. Scríobh siad chuig an teaghlach ina dhiaidh sin, chun míniú soiléir beacht a thabhairt dóibh ar a gcás tithíochta, mar aon le heolas faoina roghanna tithíochta.

Toradh

Ba mhór ag an teaghlach soiléireacht an fhreagra a tugadh. Chuidigh an t-eolas a fuair siad ón údarás áitiúil leo cinneadh tráthúil a dhéanamh, rud a chuir teorainn leis an tionchar díobhálach a d’fhéadfaí a imirt ar Alex agus Chris. Thug siad na leanaí ar ais go Tusla, mar bheart sealadach, go dtí gur réitíodh an cás tithíochta. Rinne an t-athair altrama teagmháil linn arís le déanaí lena rá gur ghlac siad le tairiscint réadmhaoine ón údarás áitiúil, agus go raibh siad ag fanacht le bogadh isteach, agus le fáilte abhaile a chur roimh Alex agus Chris.

Imscrúdú – ‘No End in Site’

In 2021, d’fhoilsigh an OCO *No End in Site* – *Imscrúdú ar dhálaí maireachtála leanaí ar láithreán údarais áitiúil*. Tá achoimre ar fáil thíos ar an imscrúdú agus ar an toradh.

Rinne Grúpa Abhcóideachta do Thaistealaithe (TAG) teagmháil leis an OCO in 2018 maidir le dálaí ag láithreán stad arna reáchtáil ag an údarás áitiúil ina raibh 66 leanbh agus a dteaghlach ina gcónaí. Tháinig aon teaghlach déag chun tosaigh ansin agus rinne siad gearáin faoi fhadhb leanúnach le hinmhlóú creimirí; sláintíocht neamhleor; róphlódú as cuimse; imní sábháilteachta faoi rochtain ar an láithreán; dumpáil mhídhleathach in aice láimhe; diúscairt dramhaíola neamh-chomhsheasmhach agus neamhleor; córais teasa neamhleor; oibreacha leictreacha dainséaracha; ráta ard breoiteachta leanaí de bharr dálaí maireachtála; easpa áiteanna súgartha sábháilte do leanaí agus iarratais ar thithíocht nach rabhthas á gcur ar aghaidh.

Cad a Rinneamar

Rinneamar imscrúdú ar an ngearán. Bhuaill an OCO le teaghlach agus thug siad cuairt ar an láithreán trí huaire, ag breathnú ar na dálaí bunúsacha atá i bhfeidhm ó bunaíodh an láithreán in 1989. Ar an iomlán, tá thart ar 140 duine ag baint úsáid as leithris agus saoráidí níocháin atá deartha do 40 duine agus dúirt na cónaitheoirí linn go raibh strus, teannas agus, uaireanta, coinbhleacht mar thoradh air sin.

Le linn ár n-imscrúdaithe d’inis Stiúrthóir Altranais Sláinte Poiblí an FSS dúinn go mbíonn riochtaí craicinn agus fadhbanna riospráide á bhfulaingt ag leanaí atá ina gcónaí ar an láithreán stad sin ag ráta i bhfad níos airde ná an daonra i gcoitinne. Dúirt an Príomhoifigeach Dóiteáin linn go nglaoítear go minic orthu chun an láithreáin. Bhuaileamar le 17 leanbh a dúirt linn go mothaíonn siad difriúil lena bpiaraí mar gheall ar chaighdeán na ndálaí ar an láithreán:

Girl 12

“agus tú ag siúl chun na scoile feiceann tú na luchóga móra go léir” “bhíodh siad ag rith suas agus síos ballaí an leantóra”

Girl 14

“nuair a thógann tú do lámha amach as an leaba ar maidin, bíonn na blaincéid ar fad fliuch”

“cuireann daoine ceist cén fáth a bhfuil mé salach, ach bheadh náire orm a rá. Níl mé ag iarraidh a rá go dtarlaíonn sé agus mé ag siúl amach ón láithreán”

Girl 14

Toradh

Cinneadh in imscrúdú an OCO gur theip ar an údarás áitiúil leas na leanaí a chur san áireamh.

Theip orthu freisin an suíomh a chothabháil; áirítear leis sin cothabháil na saoráidí leithris agus cithfholctha ar a dtugtar 'aonaid leasa', bainistíocht dramhaíola chomhsheasmhach agus rialú lotnaidí a chinntiú, agus pasáiste soiléir agus sábháilte chun na scoile, chomh maith le háiteanna súgartha do leanaí a sholáthar.

Ní raibh coimeád taifead trédhearcach ná cuntasach. Bhí iarratais ar thithíocht neamhiomlán nó níor próiseáladh iad, rud a chiallaigh go mb'fhéidir gur chaill teaghlaigh an seans teach a fháil nó nár bhog siad suas an liosta. Toradh eile ar an droch-riarachán ba ea róphlódú ar an láithreán.

Fuaireamar freisin gur theip ar an údarás áitiúil cuntas a thabhairt ar na míbhuntáistí a bhí ag Taistealaithe maidir le cóiríocht a fháil go héifeachtach agus nár chomhlíon siad a ndualgais maidir leis an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe (TAP).

Agus tromchúis an imscrúdaithe sin chun cuntasacht a chinntiú, mholamar gur cheart maoirseacht a dhéanamh ar na gealltanais a rinne an t-údarás áitiúil ar leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh.

Mholamar an méid seo a leanas

- Go ndéanfaí athbhreithniú gan mhoill ar na hiarratais ar thithíocht agus ar na gearáin a rinne na 11 teaghlach lenar bhain sa chás sin.
- Nach mór aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a sainaithníodh i gcomhar leis na cónaitheoirí. Gur theastaigh gach aonad soghluaiste a nascadh le pluiméireacht agus séarachas, botháin leasa a athchóiriú, guaiseacha dóiteáin a bhaint, bealach na leanaí chun na scoile a ghlanadh, bainistíocht dramhaíola, rialú lotnaidí agus oibreacha leictreachais.

- Gur cheart don údarás áitiúil a leagan amach conas a thabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais chóiríochta na gcónaitheoirí ar an láithreán sna blianta amach romhainn.
- Gur cheart iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar gach iarratas ar thithíocht shóisialta ó na teaghlaigh ar an láithreán sin.
- Go bhfuil gá le polasaí sonracha chun cuidiú le Taistealaithe dul tríd an gcóras Rogha Tithíochta agus an Clár Cúnaimh Tithíochta.
- Gur chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar oibreacha agus go dtabharfar tacaíocht do theaghlaigh.
- Gur chóir don údarás áitiúil sásra sonracha láimhseála gearán a bhunú nó an próiseas gearán reatha a leasú lena chinntiú go mbeidh sé inrochtana go héasca agus go mbeidh sé éifeachtach maidir le gearáin a bhainistiú.

Mhol an OCO freisin go n-oibreodh an t-údarás áitiúil le haonad cuimsitheachta sóisialta an FSS, Tusla, seirbhísí óige agus scoileanna áitiúla chun feabhas a chur ar shaol na leanaí atá ina gcónaí ar an láithreán.

Chomhoibrigh an t-údarás áitiúil atá freagrach as an láithreán sin a chothabháil agus as déileáil le hiarratais ar thithíocht ó na cónaitheoirí leis an imscrúdú fada sin, agus tá roinnt bearta sonracha aontaithe aige mar fhreagra ar ár moltaí.

Ó foilsíodh é, scríobh an OCO chuig ceannairí uile na bpáirtithe polaitíochta ag iarraidh orthu treoir a thabhairt dá n-ionadaithe tacú le tograí a sholáthraíonn cóiríocht do Thaistealaithe. Beidh an OCO páirteach i gcónaí in athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an údarais áitiúil maidir leis na moltaí a chur chun feidhme lena chinntiú go gcuirfear feabhas ar chaighdeán maireachtála na leanaí atá ina gcónaí ar an láithreán.

6

Cosaint Leanaí

Cosaint agus Leas Leanaí

Le linn ár gcuid oibre, cuireadh ar an eolas muid faoi leanaí nach bhfuil ag fáil cúram agus cosaint imleor. Réimse oibre thar a bheith dúshlánach is ea leanaí agus teaghlach a shainaithint, idirghabháil a dhéanamh ina leith agus tacú leo de réir mar is gá. Tá an fhreagracht reachtúil ar Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, as an obair sin le tacaíocht ón nGarda Síochána a bhféadfadh ról a bheith acu in imscrúdú a dhéanamh ar thuairiscí faoi chosaint leanaí. In 2020, tháinig laghdú suntasach ar imní faoi chosaint agus faoi leas leanaí a cuireadh faoi bhráid na hOifige (a fuarthas trí ghearáin den chuid ba mhó) i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. In 2021, chuaigh na teagmhálaithe sin ar ais chuig na leibhéil a bhíodh á bhfáil againn ar an meán, sna blianta roimh an bpaindéim.

Chun ár bhfreagrachtaí féin a chomhlíonadh maidir le cosaint agus leas leanaí tá beartais agus nósanna imeachta againn chun muid a threorú. Tá Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe (OIA) ceaptha againn lena chinntiú go ndéileálfar go cuí le haon imní den sórt sin agus go ndéanfar iad a thuairisciú do Tusla agus/nó do na Gardaí de réir mar is gá. In 2021 chuireamar tús leis an dara hathbhreithniú ar ár mbeartas inmheánach maidir le cosaint agus leas leanaí, nósanna imeachta, measúnú riosca agus ráiteas um chosaint. Beidh leaganacha athbhreithnithe díobh sin ar fáil in 2022.

Miondealú ar thuairiscí faoi chosaint agus leas leanaí don OCO

In 2021 fuair ár nOifig 42 tuairisc ina raibh imní faoi chosaint agus leas leanaí. Fuarthas formhór na dtuairiscí sin trí ghearáin. Seo a leanas miondealú ar na tuairiscí sin de réir phríomhchatagóir na mí-úsáide;

- 18 dtuairisc faoi mhí-úsáid ghnéasach líomhnaithe
- 13 tuairisc faoi mhí-úsáid choirp líomhnaithe
- 7 dtuairisc faoi fhaillí líomhnaithe
- 4 tuairisc faoi mhí-úsáid mhothúchánach líomhnaithe.

Déantar cinntí ar de réir an cháis maidir le cé acu an gá na hábhair imní sin a chur in iúl do Tusla nó an bhfuilimid sásta go bhfuil Tusla ar an eolas faoin bhfaisnéis cheana féin. In 2021 thugamar fógra foirmiúil do Tusla faoi 14 cinn de na tuairisc a fuaireamar.

I ngach cás inar ardaítear imní faoi chosaint agus leas leanaí linn, déanaimid na cinn ina n-ardaítear imní a atreorú chuig na seirbhísí cuí.

Soláthar Díreach



Soláthar Díreach: Tuairimí agus eispéiris leanaí atá ina gcónaí i gcóiríocht an tSoláthair Dhíreach

Seoladh scannáin

Seoladh ár dtuarascáil, *Soláthar Díreach: Tuairimí agus eispéiris leanaí atá ina gcónaí i gcóiríocht an tSoláthair Dhíreach* in 2020 agus bhí anailís ann ar reachtaíocht agus ar bheartas ábhartha, a tuairiscíodh i gcomhairliúchán cuimsitheach le leanaí a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht an tSoláthair Dhíreach agus chuireamar i láthair ár dtosaíochtaí le haghaidh birt ón rialtas agus gníomhaireachtaí stáit.

Áiríodh le seoladh na tuarascála sin ar líne gearrscannán ina raibh codanna d'agallaimh a thug na leanaí le linn ár gcomhairliúcháin. Bhí sé beartaithe i gcónaí go ndéanfaí scannán níos faide chun na heispéiris agus ar na tuairimí a roinneadh linn le linn ár gcomhairliúcháin a thabhairt chun suntais, ach cuireadh moill air sin go leor uaireanta mar gheall ar shrianta Covid. Críochnaíodh an scannán níos faide sin de 25 nóiméad in 2021 agus seoladh é ag Féile Scannán 'Smashing Times' i mí Dheireadh Fómhair. Tá pleananna chun an scannán a thaispeáint i roinnt suíomhanna ar fud na tíre ag

ollscoileanna agus ag údaráis áitiúla beartaithe do 2022. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn freisin ar na pleananna chun taispeántas taistil de shaothar ealaíne na leanaí a chruthú in 2021, agus tá an chéad dá thaispeántas beartaithe do thús 2022.

Imircigh gan Doiciméid

Scéim chun imircigh gan doiciméid a rialú

I mí Aibreáin 2021, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt tograí le haghaidh scéime um rialú d'imircigh gan doiciméid agus d'iarr sí ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha ar na tograí a chur isteach. Chuir an OCO a bharúlacha faoi bhráid na Roinne i mí na Bealtaine 2021. I measc na moltaí a rinneamar inár n-aighneacht bhí siad seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh cead ag leanaí gan doiciméid iarratas a dhéanamh ar an scéim as a stuaim féin.
- Ba chóir cuidiú le leanaí faoi chúram gan doiciméid iarratas a dhéanamh ar an scéim.
- Ba cheart tréimhse chónaithe dhlíthiúil teaghlaigh sa Stát a áireamh i dtreo na tréimhse cónaithe riachtanaí, chomh maith le cónaí gan doiciméid.

- Ba cheart go mbeadh teaghlaigh atá ag fanacht le cinneadh ar iarratas ar chead fanachta nó atá faoi réir ordú eisiaimh i dteideal iarratas a dhéanamh ar an scéim.
- Ba cheart go mbeadh aon táille iarratais a ghabhann leis an scéim inacmhainne lena chinntiú nach gcuirfear bac nó cosc ar theaghlaigh iarratas a dhéanamh ar bhonn costais amháin.
- Ba chóir leas leanaí a chur san áireamh mar phríomh-bhreithniú i measúnú ar iarratais.
- Sa chás go ndeonófar iarratas, ba chóir cead cónaithe Stampa 4 a eisiúint chuig leanaí.

I ndiaidh don Rialtas an scéim a cheadú i mí na Nollag 2021, scríobhamar chuig an Aire Dlí agus Cirt chun fáilte a chur roimh an scéim agus chun ár moltaí a athdhearbhú maidir le hiarratais ó leanaí faoi chúram, táillí iarratais, agus stádas na leanaí a chuirtear sna hiarratais teaghlaigh.

Osclaíodh an scéim um rialú in Eanáir 2022, agus tugtar deis shuntasach léi do theaghlaigh gan doiciméid a stádas a thabhairt chun rialtachta.



Unmet Needs

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh an OCO 'Unmet Needs', tuarascáil ina leagtar béim ar ár n-imní faoin tionchar diúltach tromchúiseach a bhíonn ag moilleanna ar mheasúnuithe riachtanas (MR) a chur i gcrích agus seirbhísí comhfhreagracha a sholáthar ar shláinte leanaí agus ar fhorbairt amach anseo.

I mí an Mhárta 2021, bhuail an OCO leis an Aire um Míchumas, chomh maith le hoifigigh ón Roinn Sláinte agus ón FSS, chun forbairtí i ndáil le AON a phlé. I litir ina dhiaidh sin chuig an Aire um Míchumas i mí Aibreáin, d'ardaigh an tOmbudsman do Leanaí imní faoi na téarmaí tagartha i ndáil le hathbhreithniú ar an mBuan-Nós Imeachta Oibríochta (SOP) a tugadh isteach in 2020 d'fhonn an próiseas AON a chuíchóiriú agus a fheabhsú.

Leanamar le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le AON le linn 2021. I mí na Samhna 2021, thug an tAire um Míchumas le fios le linn díospóireachta sa Seanad go raibh beagnach 4,000 leanbh ag fanacht le measúnú ar a gcuid riachtanas. Ba mhór an imní é go mbeadh líon na leanaí atá ag feitheamh chomh hard sin, go háirithe i bhfianaise gur tugadh roinnt beart isteach a rabhtas ag súil go ndéileáfaí iontu leis na liostaí feithimh – leithdháileadh acmhainní airgeadais breise, bunú post teiripe nua, cur chun feidhme SOP athbhreithnithe, agus athchumrú Foirne Líonra Míchumais Leanaí. Dá réir sin, i mí na Nollag 2021 scríobhamar chuig an Aire um Míchumas agus chuig Príomhfheidhmeannach an FSS chun ár n-imní a thabhairt chun suntais. D'iarramar ar an FSS freisin teacht os comhair an Chomhchoiste Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun cuntas iomlán agus poiblí a thabhairt ar na fadhbanna leanúnacha le AON agus chun achoimre shoiléir

a thabhairt ar conas a thabharfar aghaidh ar na fadhbanna sin.

Pleanáil chun cinn maidir le háiteanna scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO)

Rinneadh imní a ardú leis an OCO faoi na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí áirithe áit chuí scoile a fháil ina gceantar áitiúil dá leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) aige nó aici. Tarraingíodh ár n-aird ar imní ar leith faoi easnaimh san infhaighteacht áiteanna scoile cuí do leanaí i gcodanna áirithe den tír.

Mar thoradh ar an imní sin, chuireamar tús le píosa oibre tiomnaithe le linn 2021 chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar sin de réir ár ról reachtúil chun cearta agus leas an linbh a chur chun cinn. Maidir leis sin, táimid ag féachaint le tuisceant dhomhain a fháil ar an bpróiseas pleanála chun tosaigh maidir le soláthar áiteanna oiriúnacha scoile sa bhunoideachas agus san iar-bhunoideachas do leanaí a bhfuil RSO acu. Ba mhaith linn tuisceant a fháil ar na fáthanna a bhfuil deacrachtaí ag tuismitheoirí i gcodanna áirithe den tír maidir le háit scoile a fháil ina gceantar áitiúil dá leanaí agus cad iad na bearta a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin agus chun an cás go dtarlódh siad arís a mhaolú. Is é an aidhm go mbeidh gach leanbh a bhfuil RSO acu ábalta leas a bhaint as a gceart chun oideachas a fháil gan idirdhealú agus ar bhonn comhionann le leanaí eile.

Le linn 2021, rinneamar athbhreithniú deasc-bhunaithe ar dhoiciméid ábhartha chomh maith le hagallaimh le príomheagraíochtaí páirtithe leasmhara agus le teaghlaigh a bhfuil an fhadhb ag dul i bhfeidhm orthu. Táimid ag súil lenár dtuarascáil maidir leis an ábhar sin a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú in 2022.

9

Teaghlach agus Cúram

Conor – Níos mó ná dhá bhliain gan Oibrí Sóisialta ar bith

*Is buachaill 9 mbliana d'aois é Conor a cuireadh faoi chúram altrama go gairid i ndiaidh a bhreithe. Tá Conor faoi chúram faoi ordú cúraim dheonaigh. Rinne abhcóide neamhspleách Conor teagmháil linn i mí Mheán Fómhair 2021 agus rinne an t-abhcóide gearán nach raibh oibrí sóisialta leithdháilte ag Conor agus gur mar sin a bhí sé ó 2019. Mhínigh sí freisin nach raibh sé sin ag teacht leis an dea-chleachtas agus go raibh sé ag cur isteach ar bhealach diúltach ar Conor agus ag cur isteach air ar roinnt bealaí lena n-áirítear moill a chur ar a phróiseas uchtála. Rinne abhcóide Conor iarracht dul i dteagmháil le Tusla roinnt uaireanta chun an tsaincheist a thabhairt chun suntais. Rinne sí gearán foirmiúil agus cé gur seasadh lena gearán agus go rabhthas le hoibrí sóisialta a leithdháileadh, níor tharla sé sin. Luadh leithdháileadh acmhainní mar an phríomhchúis. Chiallaigh sé sin nach raibh aon oibrí sóisialta i láthair le linn trí cinn de chruinnithe faoi Athbhreithniú Leanaí faoi Chúram Conor.

Cad a Rinneamar

Scríobhamar chuig Tusla ag iarraidh orthu beartais agus nósanna imeachta a sholáthar dúinn maidir le leanaí gan oibrí sóisialta leithdháilte agus conas a phléitear leis na cúrsaí sin.

D'iarramar orthu pleananna cúraim Conor le dhá bhliain anuas a sholáthar dúinn chomh maith lena fháil amach an cuireadh isteach

ar cháilíocht an chúraim a fuair sé agus ar an tuiscint ar a riachtanais.

Toradh

D'admhaigh Tusla an t-easnamh sa tseirbhís oibre sóisialta a bhí faighte ag Conor agus gheall sé oibrí sóisialta a leithdháileadh ar Conor agus thug sé dáta don leithdháileadh. Eisíodh freagra ansin chuig máthair altrama Conor i ndiaidh dúinne idirghabháil a dhéanamh. Leithdháileadh an t-oibrí sóisialta nua dá réir sin agus bhí áthas ar Conor oibrí sóisialta nua a bheith aige.

Nina, Darren agus Ben - Leanaí faoi chúram an Stáit ar bhain tráma fúthu

Cúlra

I mí Feabhra 2020, chuaigh cúramóir altrama darbh ainm Anne i dteagmháil leis an OCO faoina heispéireas maidir le bheith ag tabhairt aire dá leanaí altrama. Cuireadh Nina, Darren agus Ben atá 12, 10 agus 9 mbliana d'aois, faoina cúram in 2015.

Bhí imní ann faoi chur i láthair mhothúcháinach na leanaí agus faoi iompar a bhain le tráma, rud a tháinig as a n-eispéiris sular cuireadh faoi chúram iad. Labhraíonn Anne go geanúil faoi na leanaí agus tá sí féin agus a fear céile tiomanta go mór do fhreastal ar a riachtanais ar bhonn fadtéarmach. Tá riachtanais na leanaí an-dúshlánach, agus luaigh na cúramóirí altrama go bhfuil an méid seo a leanas ina n-ábhair imní:

- Iompraíocht ghnéasaithe
- Idéú féinmharfach
- Féinchur i mbaol meargánta
- Rachtanna foréigneacha
- Iompraíocht scriosach
- Nochtadh faillí
- Nochtadh mí-úsáide gnéis líomhnaithe
- Ag goid ón teach/ scoil/ siopaí.
- Nochtadh gur múineadh conas goid dóibh.
- Baol téite.
- Féinghortú.
- Neamhchoinneálacht agus salú agus iad i riocht ardaithe
- Nochtadh gur iarr ball den teaghlach breithe orthu iad féin a ghortú, gníomhú go foréigneach agus goid.
- Tuairiscí gur chuala siad guthanna
- Cruálacht do pheataí teaghlaigh

Rinne Anne cur síos ar a heispéireas go raibh uirthi 'troid' le haghaidh seirbhísí teiripeacha ar son na leanaí. Bhí na leanaí nasctha le go leor seirbhísí san FSS agus in Tusla, lena n-áirítear CAMHS, Síceolaíocht Cúraim Phríomhúil, Measúnú Riachtanas, an fhoireann um Leanaí d'Aois Scoile faoi Mhíchumas agus foireann measúnaithe Tusla um mhí-úsáid ghnéasach leanaí sa cheantar lena mbaineann.

Ní raibh aon cheann de na seirbhísí sin sin ábalta aghaidh a thabhairt ar riachtanais theiripeacha leanaí a bhain tráma dóibh. Cuireadh in iúl do Anne cé nach raibh an fhoireann measúnaithe um mí-úsáid leanaí ábalta toradh 'lena raibh bunús' a bhaint amach níorbh ionann é sin agus a rá nár ndearnadh mí-úsáid ghnéis ar na leanaí agus go raibh leibhéal ard imní fós i measc na ngairmithe go léir a bhí bainteach leis an leibhéal tráma a d'fhulaing na leanaí sular cuireadh faoi chúram iad.

Sholáthair CAMHS seirbhís do Nina, an leanbh is sine dá NHEA. Cé gur aithin sé go raibh teiripe fhadtéarmach ar an eolas faoi thráma de dhíth uirthi freisin, dúirt Síciatraí Comhairleach CAMHS nach raibh siad ábalta é sin a sholáthar agus go raibh Tusla freagrach as.

Sholáthair Síceolaíocht Cúraim Phríomhúil an FSS idirghabháil ghearrthéarmach don bheirt bhuachaillí, a dhírigh ar na fadhbanna mothúchána agus iompair a bhí á dtaispeáint acu ach shonraigh siad nach raibh siad ábalta idirghabháil fhadtéarmach a sholáthar.

Bhí easpa soiléireachta ann maidir le cén tseirbhís a bhí freagrach as freastal ar riachtanais theiripeacha na leanaí. D'íoc an cúramóir altrama í féin as teiripe shúgartha do Darren ar feadh tréimhse ama nuair a diúltaíodh seirbhísí dó ó Shíceolaíocht Cúraim Phríomhúil an FSS, CAMHS agus seirbhís teiripe súgartha phríobháideach a d'eagraigh Tusla, agus gach seirbhís den tuairim nach raibh a chuid riachtanas laistigh dá sainchúram agus seirbhís eile á moladh acu.

Dúirt Anne linn, sna 5 bliana ó cuireadh na leanaí faoi chúram den chéad uair, nár sainaithníodh aon seirbhís chun dul i ngleic leis an tráma a baineadh dóibh.

Cad a rinneamar

Chuaigh muid i dteagmháil leis an bPríomhoibrí Sóisialta agus an Ceannaire na Foirne Oibre Sóisialta atá freagrach as an gcás. Bhí plé fada acu faoi na deacrachtaí a bhíonn acu maidir le seirbhísí teiripe a fháil do leanaí sa cheantar a ndearnadh mí-úsáid orthu nó a bhain tráma dóibh a bhain lena n-eispéiris sular cuireadh faoi chúram iad.

Shonraigh siad, a luaithe a dheimhnítear go ndearnadh mí-úsáid ghnéis ar leanbh ina gceantar, go soláthródh Síceolaíocht Cúraim Phríomhúil an FSS idirghabháil dóibh. I gcúinsí den sórt sin déantar idirghabháil ar bhonn gearrthéarmach ar dtús ar feadh 6 go 8 seisiún, ach de réir an cháis, féadfar idirghabháil níos fadtéarmaí a thairiscint.

Go ginearálta, áfach, ní sholáthróidh Síceolaíocht Cúraim Phríomhúil an FSS ach idirghabhálacha gairide agus ní ghlacfaidh siad le atreorú a bhaineann le tacaíocht a bhaineann le Mí-úsáid fhéideartha Ghnéis Leanaí nó iompraíocht fhéideartha ghnéasaithe, fiú i gcúinsí ina bhfuil measúnú bailíochtaithe déanta.

Thuairiscigh siad chomh maith go bhféadfadh sé a bheith an-dúshlánach dóibh seirbhísí a fháil chun freastal ar riachtanais linbh nuair a bhíonn gá le hidirghabháil níos fadtéarmaí ach nach gcomhlíonann an leanbh an tairseach do CAMHS, arb é a shainchúram idirghabháil a sholáthar do leanaí a bhfuil neamhord meabhairshláinte measartha nó trom orthu.

Labhair an Príomhoibrí Sóisialta faoi úsáid a bhaint as Protocal Comhpháirteach Tusla/ FSS chun iarracht a dhéanamh seirbhísí a fháil ach má chinneann an FSS nach bhfuil an leanbh laistigh dá sainchúram, fiú i gcúinsí ina bhféadfadh leibhéil arda anacair a bheith á dtaispeáint ag an leanbh, ní sholáthróidh siad seirbhís. Dúirt Tusla linn, i gcás go bhfuil leanbh laistigh de shainchúram seirbhísí an FSS, go raibh taithí dhearfach acu ar bheith ag oibriú le CAMHS agus le Síceolaíocht Cúraim Phríomhúil agus cheap sé go bhfuair leanaí faoi chúram seirbhís ardchaighdeán uathu

Dúirt an FSS linn gurb é sainchúram na seirbhíse síceolaíochta cúraim príomhúil idirghabhálacha gearrthéarmacha a sholáthar do leanaí a bhfuil deacrachtaí éadroma nó measartha acu.

Samhail cúraim thánaistigh is ea CAMHS d'fhadhbanna meabhairshláinte measartha go troma agus feidhmíonn sé faoi threoir náisiúnta oibríochta CAMHS (2019). I seirbhísí síceolaíochta cúraim príomhúil tugtar tús áite do leanaí atá faoi chúram Tusla agus riachtanais chliniciúil agus leibhéil foirne á gcur san áireamh.

Maidir le seirbhísí an FSS do leanaí a ndearnadh mí-úsáid ghnéis orthu nó a bhfuil amhras ann go ndearnadh mí-úsáid orthu, cuireadh faisnéis ar fáil ó Bhainisteoir Síceolaíochta an FSS mar seo a leanas:

Feiceann teiripeoirí speisialtóireachta i gCúram Príomhúil an FSS cásanna dearbhaithe mí-úsáide leanaí.

Is ceist í a bhaineann leis an stair ó ocht mbliana ó shin, mar gur cuireadh Seirbhísí Cúraim Leanaí / FSS le chéile sular cuireadh tús le Tusla, an ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus ag an am sin, bhí an tsíceolaíocht aitheanta ina gcuid d'fhoirne measúnaithe agus teiripe. Le himeacht na mblianta tá cúram príomhúil an FSS ag díriú níos mó ar léirithe éadroma / measartha.

Tá sé tugth chun suntais ag Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach gur gá dóibh:

1. A gcuid seirbhísí teiripe féin a fhorbairt.
2. Cleachtóirí a aithint agus a fhostú maidir le hobair Fhadtéarmach / teiripe shúgartha – tá sé sin déanta acu do go leor leanaí faoi chúram.

Toradh

Ghlac Tusla céimeanna suntasacha chun na fadhbanna do Nina, Darren agus Ben a réiteach, agus ó thús 2020 tá maoiniú curtha ar fáil do Nina chun oibriú le teiripeoir oiriúnach a bhfuil eolas faoi thráma aige nó aici. Bíonn deacrachtaí suntasacha aici fós, ach dúirt Anne linn go gcreideann sí go bhfuil Nina ag fáil seirbhís ardchaighdeán anois, seirbhís atá ag freastal ar a cuid riachtanas.

I mí na Nollag 2020, i ndiaidh rannpháirtíocht fhairsing idir an FSS agus Tusla, scríobh an tseirbhís síceolaíochta cúraim príomhúil chuig Tusla ag dearbhú cé go ndéanfaidís idirghabháil shonrach ghearrthéarmach le Darren agus Ben nach raibh siad ábalta teiripe eolasach maidir le tráma a sholáthar ar bhonn fadtéarmach. Tá seirbhís oiriúnach aitheanta ag Tusla dóibh anois ach níl tús curtha leis sin go fóill.

Dúirt Anne linn go bhfuil sí sásta leis an leibhéal tacaíochta a fhaigheann sí ón bhfoireann oibre sóisialta. Tá an-fhrustrachas uirthi, áfach, gur ghlac sé chomh fada sin na seirbhísí cearta a fháil do na leanaí in ainneoin an leibhéil tráma a d'fhulaing siad, a habhcóideachta láidre agus na n-hiarrachtaí a rinne oibrí sóisialta na leanaí. Tá Anne míshásta freisin go gcaithfidh na leanaí taisteal go Baile Átha Cliath le haghaidh seirbhísí, mar nach bhfuil seirbhísí oiriúnacha ar fáil gar dá mbaile

Saincheist shistéamach a théann i bhfeidhm ar leanaí in Éirinn

Bhí cuid de na moilleanna ar leanaí maidir le rochtain a fháil ar theiripe lasmuigh de smacht na seirbhísí a bhí i gceist agus ní bhaineann siad le cúrsaí acmhainní.

I gcás go bhfuil imní ann go bhféadfadh mí-úsáid ghnéis leanaí a bheith i gceist, ní mór do na Gardaí agus do Tusla araon imscrúdú a dhéanamh air de réir Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2017). Is é an dea-chleachtas go ndéanfar agallaimh leis na Gardaí agus measúnuithe cuimsitheacha sula gcuirfear tús le teiripe. Sa chás sin, chuir na leanaí roinnt ábhar imní thar thréimhse fada in iúl. Ba thoisc chasta é sin maidir le teiripe a sholáthar do na leanaí. Ina ainneoin sin, bhí moill mhór ar na seirbhísí cearta a fháil do na leanaí.

D'ardaigh an cás seo imní thromchúiseach faoi sholáthar tacaíochta teiripí do leanaí ar bhain tráma dóibh de bharr mí-úsáide nó faillí.

Is cosúil sé go bhfuil bearna ó thaobh soláthar seirbhísí meabhairshláinte agus síceolaíochta ag an stát do leanaí ar bhain tráma dóibh a bhaineann le mí-úsáid nó faillí fhéideartha. Tá sin in ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar aitheantas idirnáisiúnta ar thionchar an tráma ar thorthaí sláinte agus folláine do leanaí agus iad fásta.

Tá imní ar an OCO gur cosúil go bhfreastalaítear ar bhealach níos fearr ar dhaoine fásta a ndearnadh mí-úsáid nó faillí orthu le linn na hóige ná mar a fhreastalaítear

ar leanaí maidir le soláthar seirbhísí teiripeacha tríd an tSeirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta, ar seirbhís thiomnaithe í do dhaoine fásta a ndearnadh mí-úsáid orthu le linn a n-óige.

Leagtar amach in gCuid 8 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (2013) feidhmeanna Tusla, ina measc tá 8(3)(c) 'seirbhísí a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí'.

Maoiníonn Tusla seirbhísí éagsúla comhairleoireachta agus sícíteiripe ar fud na tíre. Soláthraíonn a lán de na seirbhísí sin idirghabhálacha ardchaighdeáin atá eolasach faoi thráma ach níl aon seirbhísí i mórán áiteanna sa tír agus is minic a fhaigheann Tusla idirghabhálacha go príobháideach. Thug Príomhoibrí Sóisialta na leanaí sin le fios go bhfuil amhras uirthi ina leith sin; is féidir imní a bheith ann maidir le rialachas agus cáilíocht na seirbhísí agus is féidir leis a bheith deacair maoirseacht a choinneáil ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Na Chéad Chéimeanna Eile

I bhfianaise na n-íarrachtaí dearfacha a rinne Roinn na hOibre Sóisialta seirbhísí a sholáthar do na leanaí, ní dheachaigh an cás sin ar aghaidh chuig imscrúdú reachtúil. Tá sé beartaithe ag an Ombudsman do Leanaí, áfach, an cás-staidéar sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár bplé le Tusla agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an ngá atá le seirbhísí teiripeacha a fhorbairt do leanaí faoi chúram.

An Bille um Breith (Faisnéis agus Lorgaireacht)

Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille um Breithe (Faisnéis agus Lorgaireacht) 2021 i mí na Bealtaine 2021. Bhuaill an OCO le hoifigigh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun na moltaí sa Scéim Ghinearálta a bhaineann le daoine óga faoi 18 mbliana d'aois a phlé.

I ndiaidh an chruinnithe sin, scríobh an OCO chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí Iúil 2021 chun tuilleadh faisnéise a iarraidh faoi fhorálacha a bhaineann le leanaí arna leagan amach sa Scéim Ghinearálta. Lorgaíomar faisnéis faoin mbreithniú a tugadh dóibh seo a leanas:

- cearta leanaí agus forálacha na Scéime Ghinearálta a bhaineann le daoine óga faoi 18 á ndréachtú
- soláthar tacaíochtaí do dhaoine óga 16 agus 17 mbliana d'aois agus iad ag fáil faisnéise faoina mbreith agus faoina luathsaol.
- cuimsiú leanaí faoi 16 bliana d'aois sa Scéim Ghinearálta
- tuairimí daoine óga a iarraidh mar chuid de phróiseas an Chláir um Rianú Teagmhálaithe.

Foilsíodh an Bille um Breithe (Faisnéis agus Lorgaireacht) 2022 i mí Eanáir 2022.

Fáiltíonn an OCO roimh neartú na bhforálacha a bhaineann le daoine óga faoi 18 mbliana d'aois sa Bhille chomh maith leis na gealltanais a thug an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le hobair amach anseo ar chúrsaí a bhaineann le huchtú agus cearta aitheantais do leanaí.

Córas náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh a fhorbairt

Tá an gá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóras maidir le ceartas teaghlaigh in Éirinn aitheanta le blianta fada. Chuir an OCO fáilte roimh bhunú Ghrúpa tiomnaithe Maoirseachta maidir le Ceartas Teaghlaigh (Grúpa Maoirseachta) ón Roinn Dlí agus Cirt chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chuige comhordaithe chun córas náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh a fhorbairt.

D'fhreastail an OCO ar chruinniú comhairliúcháin tosaigh le páirtithe leasmhara i mí Eanáir 2021 agus chuireamar aighneacht scríofa faoi bhráid an Ghrúpa Maoirseachta i mí Feabhra 2021 ina dhiaidh sin.

Mholamar gur cheart córas náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh a fhorbairt a dhíriú ar athrú bunathraitheach. Mholamar gur chóir go mbeadh an méid seo a leanas i gceist le córas náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh:

- go mbeadh sé dírithe ar an duine, agus fócas comhfhreagrach ar riachtanais agus cúinsí éagsúla agus uaireanta casta na leanaí agus na dteaghlach a bhíonn ag plé leis a réamh-mheas agus freastal orthu
- go bhforbrófar é mar sheirbhís imscrúdaitheach phoiblí
- go ndéanfaidh sé seirbhís chuimsitheach, chomhordaithe, idirdhisciplíneach a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh
- go gcuimseofaí ann gach úsáideoir seirbhíse i ngach gné dá chuid agus go mbeadh sé inrochtana dóibh
- go gcuirfeadh sé ar chumas úsáideoirí seirbhíse agus go dtacódh sé leo idirghníomhú a dhéanamh leis agus é a úsáid go héifeachtach
- go mbeadh sé oscailte, trédhearcach agus cuntasach.

Ag féachaint do stádas leanaí mar ábhair ceart agus do chearta an linbh, mholamar freisin gur gá seirbhís náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh a fhorbairt sa dóigh go dtabharfar tús áit don leanbh, i ngach cás ina bhfuil leanbh bainteach nó ina dtéitear i bhfeidhm ar an leanbh. Agus caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh, mholamar gurb é bealach iomchuí leis sin a bhaint amach a dhearbhuí ón tús go dtreoróidh leas an linbh bearta agus cinntí chun seirbhís náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh náisiúnta a fhorbairt, in am agus i dtráth. Ina theannta sin, agus tagairt á déanamh do dhlí intíre na hÉireann, lena n-áirítear Airteagal 42A den Bhunreacht, mholamar, i ndáil le leanaí, gur cheart go mbeadh bearta agus cinntí a bhaineann le forbairt agus soláthar seirbhíse náisiúnta maidir le ceartas teaghlaigh amach anseo bunaithe ar phrionsabal na ríthábhachta, i.e. ba chóir plé le leas an linbh mar an príomhchúram. Inár dtuairim féin, cuideoidh fócas ar leas leanaí freisin lena chinntiú go seasfar le ceart éisteachta leanaí laistigh de sheirbhís náisiúnta nua maidir le ceartas teaghlaigh.



10

Tuairimí Leanaí

Painéal Comhairleach Óige an OCO

Ag deireadh 2020 bhunaigh an OCO Painéal Comhairleach Óige nua nó YAP ar bhonn píolótach dhá bhliain chun eolas agus comhairle a thabhairt don OCO faoi ghnéithe dár gcuid oibre. Earcaíodh na baill trí eagraíochtaí óige agus scoileanna éagsúla.

Ní dhéanann baill YAP ionadaíocht ar aon eagraíocht, grúpa nó pobal, seachas sin is suim leo díreach cearta leanaí agus bheith ag obair leis an OCO. Tháinig YAP le chéile naoi n-uair san iomlán le linn 2021. Tionóladh na cruinnithe sin go léir ar Zoom. Thug YAP faoi réimse oibre i rith na bliana agus bhí a n-ionchur thar a bheith luachmhar. D'oibrigh siad i ngrúpa mór chun comhairle agus ionchur a sholáthar maidir le forbairt Thuarascáil Leanaí an OCO do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Shainaithin siad freisin tosaíochtaí do Phlean Straitéiseach na hoifige do 2022-2024 atá le teacht agus d'oibrigh siad i ngrúpaí beaga chun lógó agus earraí marthanacha a dhearadh do YAP. Le tacaíocht ón OCO scríobh siad chuig polaiteoirí, lucht déanta beartas agus scoileanna chun aird a tharraingt ar cheist na bochtaineachta míosta, agus d'ardaigh Brid Smith (TD) Ceist Pharlaiminteach mar fhreagra ar an litir sin. Mar gheall ar an tsaincheist sin a ardú in YAP d'athraigh an OCO a thimpeallacht trí tháirgí míosta a sholáthar i leithris uile na hoifige.

Mar thoradh ar an obair sin, d'fheidhmigh YAP mar phainéal moltóirí do chomórtas meán sóisialta na hoifige, #MoreThanSchool. Lorgaíodh leis sin grianghraf, líníochtaí, físeáin nó ríleanna

ó leanaí lena insint dúinn conas a mhothaigh siad ag filleadh ar an scoil i ndiaidh dhúnadh Covid-19. Thug roinnt de bhaill YAP faoi oiliúint sna meáin freisin le Foireann Cumarsáide an OCO agus chruthaigh siad físeán meán sóisialta chun suirbhé an OCO a chur chun cinn chun bonn eolais a chur faoi Thuarascáil na Leanaí do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Ach ní obair gan sos é obair YAP. In 2021 bhí dhá oíche spráíúla againn leis na baill ina tugadh deis dóibh féin agus dúinne scíth a ligean, aithne níos fearr a chur ar a chéile agus aitheantas a thabhairt don chion a chuir YAP lenár gcuid oibre.

#MoreThanSchool

I mí Aibreáin 2021, sheol an OCO #MoreThanSchool, feachtas sóisialta chun cloisteáil go díreach ó leanaí faoi conas a mhothaigh siad faoi fhilleadh ar scoil i ndiaidh dhúnadh Covid-19 ón Nollaig. Cruthaíodh lógó agus acmhainní eile chun cuireadh a thabhairt do leanaí a dtuairimí agus a n-eispéiris a roinnt. Tugadh cuireadh do YAP an OCO moltóireacht a dhéanamh ar an gcomórtas lena chinntiú go raibh leanaí páirteach i ngach gné den fheachtas sin. Shroich ár bpostálacha sóisialta ón bhfeachtas sin 413,093 amlíne ar Twitter agus 150,650 amlíne ar Instagram.

Cainteanna Leanaí

Is imeacht é Cainteanna Leanaí atá á óstáil ag an OCO chun Lá Domhanda na Leanaí a chomóradh. Is éard atá i gceist le Cainteanna Leanaí cloisteáil go díreach ó dhaoine óga faoina n-eispéiris agus saincheisteanna atá tábhachtach dóibh. Roghnaíodh cainteoirí Cainteanna Leanaí 2021 i mí Lúnasa i ndiaidh cuireadh náisiúnta a thabhairt do rannpháirtithe. Áiríodh leis an seoladh agallamh le hiarchainteoirí ar RTÉ 2FM. D'oibrigh an seachtar daoine óga a ghlac páirt i gCainteanna Leanaí 2021 ar a gcuid cainteanna trí shraith ceardlann agus rinne siad iniúchadh ar ábhair lena n-áirítear scolóis, comhionannas, an t-athrú aeráide, caitheamh le leanaí le meas, meabhairshláinte, mearfhaisean agus maireachtáil i Soláthar Díreach. Bhí Cainteanna Leanaí ar siúl in RDS agus d'fhreastail 25 duine

óg air go pearsanta, agus d'fhéach os cionn 500 duine air ar líne. Rinneadh Cainteanna Leanaí a bheoshruthú freisin trí oco.ie agus ar RTÉ News Now, agus breathnaíodh air i seomraí ranga ar fud na tíre. Chuaigh an OCO i gcomhpháirtíocht le Independent.ie chun Cainteanna Leanaí a chur chun cinn leis na cainteoirí óga a bhí ar chlúdach iris dheireadh seachtaine na seachtaine roimh Lá Domhanda na Leanaí. Áiríodh le Cainteanna Leanaí feachtas sóisialta roimh an imeacht agus ina dhiaidh – ina raibh íomhánna, grafaic agus físeáin. Roimh an imeacht, thionólamar feachtas 'Buail leis na cainteoirí' – ag cur ár gcainteoirí agus a gcuid ábhar os comhair ár leantóirí. Chruthaíomar leathanach gréasáin 'Buaile Lenár gCainteoirí' ina dtaispeántar buillí cloiginn agus beathaisnéisí dár gcainteoirí go léir. Bhí sé sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus trí chód QR de bhaill an lucht spéise.



Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas

I mí Iúil 2021, d'fhógair an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige comhairliúchán inar lorgaíodh tuairimí maidir le hathbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas (na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015) i. Mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Acht um Stádas Comhionann ar leanaí agus a gcearta, chinn an OCO aird a tharraingt ar roinnt saincheisteanna a chreidimid gur cheart iad a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe sin lena chinntiú go ndéanfar cearta leanaí a chosaint ar bhealach níos iomláine.

Áiríodh na moltaí seo a leanas san aighneacht a rinneamar i mí na Nollag 2021:

- Ba cheart cearta leanaí agus stádas leanaí mar shealbhóirí ceart a mheas mar chuid den athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil an dlí, an beartas agus an cleachtas sa réimse sin ag teacht le cearta agus leasanna leanaí agus nach bhfuil tionchar díobhálach acu orthu.

- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar dhíolúine leanaí ó chosaint ar idirdhealú bunaithe ar aois.
- Ba cheart don dréacht-reachtaíocht cloí le hoibleagáidí neamh-idirdhealaithe an Stáit, lena n-áirítear i ndáil le leanaí.
- Ní mór do gach roinn agus gníomhaireacht Rialtais atá freagrach as freastal ar riachtanais leanaí sainmhíniú comhsheasmhach, bunaithe ar chearta, páistelárnach agus cuimsitheach maidir le freastal ar mhíchumas a ghlacadh.
- Ba cheart smaoineamh ar an dlí maidir le freastal réasúnach a leasú chun é a thabhairt i gcomhréir leis an UNCRPD.
- Ba chóir go gcuirfí ábhair faisnéise ar an bpróiseas gearán a thacaíonn le leanaí ar fáil agus inrochtana do leanaí agus dá dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- Ba chóir próiseas gearán ar leith a thacaíonn le leanaí a fhorbairt do ghearánaithe ar leanaí iad.

Oibreoidh an OCO tuilleadh leis an athbhreithniú le linn 2022, de réir mar is gá agus de réir mar is cuí.

Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne 2020

I rith 2021, lean an OCO ag plé le forbairtí a bhaineann le Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne 2020 (Scéim Ghinearálta). I ndiaidh cuireadh a fháil ón gComhchoiste um Meáin Chumarsáide, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúir, Spórt agus an Ghaeltacht, rinne an OCO aighneacht i mí an Mhárta 2021 maidir leis an Scéim Ghinearálta chun bonn eolais a chur faoi ghrinnschrúdú réamhrechtach an Chomhchoiste maidir leis an reachtaíocht bheartaithe.

Thugamar faoi deara gur deis shuntasach iad na tograí chun creat rialála a bhunú maidir le sábháilteacht ar líne chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh agus ar mhéadú ábhair dhíobhálacha ar líne chun cosaint leanaí ar ábhar díobhálach ar líne a neartú. Tharraingíomar aird freisin ar roinnt saincheistanna a chreidimid gur gá aird bhreise a thabhairt orthu, go háirithe na moltaí maidir le catagóirí ábhair dhíobhálacha a ríomh agus chun scéim chórasach gearán a bhunú seachas soláthar a dhéanamh don Choimisinéir Sábháilteachta Ar Líne chun déileáil le gearáin aonair.

Chuireamar fáilte roimh an deis bualadh leis an gComhchoiste i mí Aibreáin 2021 chun plé níos mine a dhéanamh ar ár n-ímní.

D'fhoilsigh an Comhchoiste tuarascáil i mí na Samhna 2021 ar a ghrinnschrúdú réamhrechtach ar an Scéim Ghinearálta. Tá an OCO sásta go dtugtar aird i dtuarascáil an Choiste ar roinnt dár n-ábhair ímní. Táimid ag súil go scrúdófar moltaí an Choiste i gcomhthéacs na hoibre leanúnaí chun an Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne a ullmhú. Leanfaidh an OCO le haghaidh a thabhairt ar na forbairtí a bhaineann leis an reachtaíocht bheartaithe sin agus monatóireacht a dhéanamh orthu le linn 2022.

Guthanna Digiteacha

I mí Mheán Fómhair 2021, d'óstáil an OCO seimineár gréasáin chun Guthanna Digiteacha a sheoladh, taighde a rinne OT Bhaile Átha Cliath thar ceann an OCO ar conas is féidir na meáin dhigiteacha agus shóisialta a úsáid chun cur chun feidhme cirt éisteachta leanaí i gcinnteoireacht phoiblí a chur chun cinn.

Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh pháirtithe leasmhara éagsúla chuig an seoladh sin agus cloisteáil ó roinnt cainteoirí mór le rá, lena n-áirítear: Philip Jaffé ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh; Regina Jensdottir, Ceannaire ar an Rannán um Chearta

Leanaí de chuid Chomhairle na hEorpa agus Comhordaitheoir na Comhairle um Chearta an Linbh; Valeria Setti, Comhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh; an tOllamh Sonia Livingstone ó LSE; agus an tOllamh Pat Dolan ó OÉ Gaillimh.

Molann Guthanna Digiteacha roinnt réimsí gnímh chun úsáid na meán digiteach a chur chun cinn mar shásra chun tacú le ceart éisteachta leanaí.

Is iad na réimsí sin:

- Sainghrúpa um Rannpháirtíocht Dhigiteach a thionól ag baint leas as saineolas ábhartha san earnáil phoiblí, sa saol acadúil, in eagraíochtaí óige agus ón tionscal chun coimriú a dhéanamh ar an dea-chleachtas agus beartais nua a fhorbairt maidir le conas is féidir na meán shóisialta agus dhigiteacha a úsáid i gcinnteoireacht phoiblí a bhaineann le leanaí.
- Cairt um Rannpháirtíocht Dhigiteach Leanaí agus Daoine Óga a fhorbairt chun taca a chur faoi chineál cearta-bhunaithe rannpháirtíochta leanaí i gcinnteoireacht phoiblí ar ábhair a bhaineann leo.
- Foireann Uirlisí Rannpháirtíochta Digití a fhorbairt chun tacú le glacadh leis an dea-chleachtas rannpháirtíochta digití agus le Saoránacht Dhigiteach a chothú thar réimse suíomhanna.
- Spás nó ardán tiomnaithe don Rannpháirtíocht Dhigiteach a bhunú ar féidir le gníomhaithe agus gníomhaireachtaí poiblí ábhartha é a roinnt le haghaidh rannpháirtíocht dhigiteach leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht phoiblí.
- Sraith de thionscadail taispeántóra a thionscnamh d'fhonn foirmeacha rannpháirtíochta nua agus nuálacha maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sna próisis chinnteoireachta a reáchtáil ar bhonn píolótach.

I ndiaidh fhoilsiú an taighde sin, tá an OCO ag súil le hoibriú príomhpháirtithe leasmhara chun scrúdú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn chun na meán dhigiteacha a éascú ar bhealach éifeachtach agus cuí chun tacú le leanaí agus daoine óga a gceart éisteachta a fheidhmiú. .

Tuarascáil na Leanaí chuig Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh

Tá dul chun cinn na hÉireann maidir lena hoibleagáidí i leith leanaí a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún NA um Chearta an Linbh le scrúdú ag Coiste NA um Chearta an Linbh ag tús 2023. Chomh maith le ceangal a chur ar an Stát tuarascáil a sholáthar maidir le bearta chun cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, glacann Coiste NA freisin le tuarascálacha malartacha ó institiúidí náisiúnta um chearta an duine, Ombudóirí, ENRanna, agus leanaí. Is gnách go mbíonn tuarascálacha leanaí bunaithe ar chomhairliúcháin nó ar thionscnaimh rannpháirtíochta le leanaí a éascaíonn comhlachtaí Stáit agus/nó ENRanna.

In 2021, chinn an OCO go soláthródh sé tuarascáil leanaí don scrúdú a bhí le teacht. Is tionscadal mór ilghnéitheach é sin dá bhfuarthas tacaíocht ón gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus UNICEF. Chuidigh an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, a d'fhoilsigh an tuarascáil dheireanach do leanaí, agus go leor dá mballeagraíochtaí go mór le teagmháil a dhéanamh leis an oiread leanaí agus ab fhéidir i gcruthú na tuarascála.

Lena fháil amach cad iad na príomhcheisteanna do leanaí, choimisiúnaíomar gníomhaireacht taighde margaidh chun suirbhé náisiúnta le leanaí de gach aois a riar. Bhí trí cheist shubstainteacha sa cheistneoir: Cad iad na rudaí is fearr faoi bheith i do leanbh in Éirinn? Cad é nach bhfuil go maith faoi bheith i do leanbh in Éirinn? Cad é a dhéanfadh an saol níos fearr do leanaí in Éirinn?

Seoladh faisnéis agus naisc chuig an suirbhé chuig 100 eagraíocht a d'oibrigh go díreach le leanaí nó a bhí ina scátheagraíocht do go leor tionscadal agus seirbhísí áitiúla a d'oibrigh go díreach le leanaí. Seoladh iad sin freisin chuig gach bunscoil agus meánscoil ar fud na hÉireann, agus chuir an OCO chun cinn ar ardáin na meán sóisialta iad. Seoladh doiciméid tacaíochta chuig eagraíochtaí agus scoileanna, agus cuireadh an ceistneoir ar fáil i mBéarla, i nGaeilge, in Araibis agus i bPolainnis. Spreagadh tuismitheoirí agus cúramóirí chun cuidiú le leanaí a raibh tacaíocht de dhíth orthu, lena n-áirítear leanaí níos óige, a bheith rannpháirteach.

Idir an 23 Aibreán agus an 4 Bealtaine 2021, chuir 5,515 leanbh idir 2 bhliain d'aois agus 17 mbliana d'aois ceistneoirí comhlánaithe isteach. Ag baint úsáid as na torthaí sin agus ag obair le YAP an OCO, aithníodh roinnt príomhthéamaí thar dhá aoisghrúpa leathana: na cinn a tháinig chun cinn do leanaí faoi 12 bhliain d'aois, agus na cinn a tháinig chun cinn do leanaí 12 bhliain d'aois agus níos sine. I measc na dtéamaí coitianta sna haoisghrúpaí bhí an scoil agus cead cainte a bheith acu. Bhí saincheisteanna amhail súgradh

agus scíth, agus bheith le teaghlach agus cairde tábhachtach do leanaí níos óige. Bhí idirdhealú, cuimsiú sóisialta agus seirbhísí níos tábhachtaí do leanaí níos sine.

Chun na téamaí sin a fhiosrú tuilleadh, eagraíodh fócasghrúpaí le grúpaí éagsúla leanaí. Rinneadh iarrachtaí go sonrach leanaí faoi mhíbhuntáiste nó a bhféadfadh sé bheith deacair dóibh a dtuairimí a thabhairt a chuimsiú, lena n-áirítear leanaí faoi choinneáil, leanaí Taistealaithe agus Romach, leanaí faoi mhíchumas, agus leanaí faoi chúram. Rinneadh iarrachtaí freisin tuairimí na leanaí níos óige a chuimsiú agus táimid an-bhuíoch do roinnt seirbhísí luathbhlianta a thacaigh linn é sin a bhaint amach.

Ar an iomlán, ghlac 182 leanbh páirt i 22 fócasghrúpa le linn 2021. D'óstáil agus d'éascaigh baill foirne fhoireann Oideachais Rannpháirtíochta agus Cearta an OCO 13 fhócasghrúpa. D'óstáil agus d'éascaigh eagraíochtaí seachtracha na naoi ngrúpa fócais eile.

Ní féidir moladh a dhóthain a thabhairt don tacaíocht a thug eagraíochtaí seachtracha maidir leis na fócasghrúpaí sin a bhunú agus a éascú. Gan é sin, ní bheadh siad sin indéanta, go háirithe i bhfianaise na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm ag an am.

Chruthaigh na fócasghrúpaí flúirse sonraí cáilíochtúla flúirseacha agus leanfar den anailís in 2022. Oibreoimid go dlúth lenár YAP chun anailís agus scríobh thuarascáil na leanaí. Táimid ag tnúth le leanúint leis an bpróiseas tuairiscithe cruthaitheach tábhachtach sin leo agus tacú leo é a chur i láthair Choiste NA um Chearta an Linbh.

Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch

I mí an Mhárta 2021, chuir an OCO aighneacht faoi bhráid Chomhairle NA um Chearta an Duine roimh an tríú scrúdú ar thaifead na hÉireann um chearta an duine faoin bpróiseas um Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch (ATU).

Próiseas faoi stiúir an Stáit is ea an ATU ina gcuimsítear athbhreithniú tréimhsiúil ar thaifid chearta an duine sna 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe. Ghlac an OCO páirt freisin i gcruinniú réamhsheisiúin an ATU ar Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2021. Soláthraíodh deis sa réamhsheisiún don OCO agus d'eagraíochtaí náisiúnta eile a gcuid moltaí achur i láthair Bhallstáit na Náisiún Aontaithe chun bonn eolais a chur faoina scrúdú ar thaifead na hÉireann ar chearta an duine.

Rinneamar achoimre ar fhorbairtí dearfacha maidir le cearta leanaí atá i bhfeidhm ó dara scrúdú ATU na hÉireann in 2016. Mholamar bearta a gceapaimid gur cheart don Stát iad a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gcur chun feidhme chearta an linbh in Éirinn. Tugadh aghaidh inár moltaí ar chosaint leanaí, foréigean teaghlaigh, cúram malartach, ceartas leanaí, tearmann agus inimirce, leanaí Taistealaithe agus Romach, leanaí faoi mhíchumas, bochtaineacht leanaí, easpa dídine, sláinte, oideachas agus tionchar Covid-19 ar chearta leanaí.

Le linn scrúdú an ATU i mí na Samhna 2021, fuair Éire 260 moladh, agus tugtar aghaidh in go leor acu ar réimsí a thug an OCO chun suntais. Thacaigh an Stát le 221 de na moltaí a fuarthas, lena n-áirítear formhór na moltaí a bhaineann le leanaí, rud a thugann le fios go bhfuil an Stát tiomanta do na moltaí sin a chur chun feidhme roimh a chéad scrúdú ATU eile. Shonraigh an Stát 33 moladh, lena n-áirítear cúig cinn a bhaineann go díreach le leanaí. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil an Stát tiomanta do na moltaí sin a chur i bhfeidhm roimh a chéad scrúdú UPR eile. Déanfar cur chun feidhme na moltaí a fuair Éire a scrúdú in 2026 agus tá gealltanas tugtha ag an Stát tuarascáil eatramhach a chur faoi bhráid na Náisiún Aontaithe in 2023/2024.

Lá Plé Ghinearálta ar chearta leanaí agus cúram malartach

Gach dhá bhliain, tionólaíonn Coiste NA um Chearta an Linbh (Coiste) Lá Plé Ghinearálta chun tuiscint níos doimhne a chothú ar chearta leanaí a leagtar amach i gCoinbhinsiún NA um Chearta an Linbh. Chinn an Coiste a Lá Plé Ghinearálta do 2021 a dhíriú ar chearta leanaí agus ar chúram malartach.

Chuir OCO aighneacht faoi bhráid an Choiste i mí an Mheithimh 2021. I measc na réimsí a dtugtar aghaidh orthu inár n-aighneacht tá athchóiriú reachtaíochta, comhordú seirbhísí do leanaí faoi chúram, measúnuithe leasanna is fearr, meas ar thuairimí leanaí, oideachas, cúram altrama, cúram speisialta, iarchúram, agus tionchar Covid-19.

Tionóladh Lá Plé Ghinearálta i mí Mheán Fómhair 2021 agus d'fhreastail an OCO ar na cainteanna ó chian. Measaimid go bhféadfaidh an Coiste tuarascáil a eisiúint ar an Lá Plé Ghinearálta le linn 2022, ina gcuimseofar moltaí do Pháirtithe Stáit, lena n-áirítear Éire, maidir le seasamh le cearta leanaí i gcúram malartach.

Líonra Eorpach na nOmbudóirí do Leanaí

Tá an OCO ina bhall de Líonra Eorpach na nOmbudóirí do Leanaí (ENOC), atá comhdhéanta de 43 Ombudsman agus Coimisinéir do Leanaí i 34 tír ar fud na hEorpa. Is comhlachas seachbhrabúsach é ENOC d'institiúidí neamhspleácha um chearta leanaí a bhfuil sainordú aige cur chun cinn agus cosaint ceart leanaí a éascú ar an leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta.

Ba é fócas téamach obair ENOC in 2021 'Covid 19: ag foghlaim don todhchaí'. Chuir an OCO le gníomhaíochtaí ENOC trí pháirt a ghlacadh i seimineár gréasáin do chomhaltaí ENOC

a tionóladh i mí an Mheithimh 2021 agus trí fhaisnéis a roinnt faoi thionchar bhearta éigeandála Covid 19 ar chearta leanaí in Éirinn. Ghlac an OCO páirt freisin i gComhdháil Bhliantúil ENOC i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a ghlac an 25ú Comhthionól Ginearálta le ráiteas ENOC ar 'COVID-19: ag foghlaim don todhchaí'. Leagtar amach sa ráiteas sin réimse beart a mholann ENOC gur cheart d'institiúidí idirnáisiúnta agus Eorpacha, na Stáit agus na húdaráis ábhartha go léir eile a ghlacadh lena chinntiú go ndéanfar cearta leanaí a urramú, go gcosnófar iad agus go gcloífear leo agus iad ag freagairt d'éigeandálaí poiblí amach.

I rith 2021, bhí an OCO ina cathaoirleach freisin ar ghrúpaí oibre ENOC a bhain le Caighdeán agus Luachanna agus Ballraíocht ENOC.



Acht um Ombudsman do Leanaí 2002

Athbhreithniú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002

Faoi alt 7(1)(h) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (Acht 2002), tá sé de chúram ar an Ombudsman do Leanaí monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú Acht 2002 agus moltaí comhfhreagracha a dhéanamh chun an reachtaíocht sin a leasú. Rinneadh an chéad athbhreithniú ar Acht 2002 in 2012 agus tá roinnt moltaí a rinneadh i ndiaidh an athbhreithnithe sin curtha chun feidhme ó shin.

In 2021, chinn an OCO iar-athbhreithniú a choimisiúnú ar Acht 2002, arna leasú. Is iad na príomhchuspóirí leis an athbhreithniú sin leasuithe a shainaithint a d'fhéadfaí a dhéanamh nó ba cheart a dhéanamh ar Acht 2002 chun an méid seo a leanas a neartú:

- neamhspleáchas an OCO
- príomhfheidhmeanna reachtúla an OCO faoin Acht
- cumas an OCO a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach ar mhaithe le leanaí.

I measc na hoibre a rinneadh don athbhreithniú sin bhí athbhreithniú deasc-bhunaithe ar dhoiciméid ábhartha, teagmháil le foireann an OCO agus comhairliúchán le roinnt páirtithe leasmhara seachtracha, is iad sin oifigigh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an tOmbudsman, agus roinnt Ombudóirí do Leanaí atá ina mbaill de ENOC.

Déanfaidh an OCO tuarascáil a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú ina dtabharfar eolas faoi thorthaí an athbhreithnithe sin le linn 2022.

Reáchtáil na hOifige

15

Buiséad

Leithdháiltear buiséad an OCO tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíocht agus Óige agus déantar é a tharraing anuas ar bhonn rialta i rith na bliana. In 2021, b'ionann ár mbuiséad agus €2.95m (2020: €2.87m). Mar atá leagtha amach in Alt 17(1) agus in Alt (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú, as rialtacht idirbhearta na hOifige a chinntiú, agus as comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú a áirithiú. Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanfar iniúchadh

ar chuntais 2021 i mí an Mheithimh/mí Iúil 2022, agus is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a dhéanfaidh é. De réir Alt 17(2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, chuir Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 isteach lena n-iniúchadh faoin 31 Márta 2022. Nuair a bheidh siad ceadaithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilseofar na Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 ar shuíomh gréasáin an OCO, mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Sholáthair Cuntasóirí Cairte Mazars ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, agus rinne siad athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i Ráithe 1 de 2021 agus 2022. Rinne siad iniúchadh ar ár gcreat cosanta sonraí chomh maith.



Budget 2021

- **Complaints and investigations 44%**
- **Communications 22%**
- **Participations and rights education 20%**
- **Policy and research 19%**

Earcaíocht

Ag tús 2021, bhí 27 ball foirne buan ag an OCO. Faoi dheireadh 2021, bhí 34 ball foirne buan ann. Cuireadh go leor de pleanáil an lucht saothair a rinneadh le linn 2019/2020 chun feidhme le linn 2021. Díreofar in 2022 ar an bhfoireann a chomhdhlúthú, i ndiaidh di fás ó 23 ball foirne ó 2020 i leith.



Covid-19

Tháinig athrú tapa ar chleachtais oibre Oifig an Ombudsman do Leanáil le tosú Coivid-19 i dtús 2020, agus leis an gcomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a bhí mar thoradh air sin. Rinne an OCO dlúthmhonatóireacht ar na forbairtí, chun féachaint leis na rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar oibríochtaí gnó, ar bhaill foirne agus ar gheallsealbhóirí an OCO a mhaolú. Leanadh treoirilíní an rialtais i gcónaí agus an Oifig ag aistriú idir cianobair agus obair san oifig de réir mar ba ghá.

Bonneagar TFC an OCO

Chinn an Oifig a soláthar seirbhíse TF a aistriú ón Roinn Sláinte go dtí Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) chun forbairtí TFC san Oifig amach anseo agus cianrochtain réidh a éascú. Cuireadh tús leis an tionscadal imirce i mí Mheán Fómhair 2020 agus críochnaíodh é i mí an Mhárta 2021. Tá cianrochtain iomlán ag an Oifig anois agus tacaíonn an OGCIÓ léi do gach beartas TF agus téarnamh tubaiste. Tabharfar tús áite do shraith iomlán na n-iarratas atá ar fáil ón OGCIÓ agus cuirfear chun feidhme iad ó 2022 ar aghaidh i gcomhréir lenár bPlean Straitéiseach nua 2022-2024.

Dualgas Comhionannais agus Ceart Daonna na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme

Tá an Oifig tiomanta dár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh.

Inár bPlean Straitéiseach do 2022-2024 táimid tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a bhaineann lenár gcuspóir agus lenár bhfeidhmeanna. Tabharfaimid aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa mheasúnú seo agus tuairisceoidimid ar ár ndul chun cinn gach bliain inár dtuarascáil bhliantúil ar bhealach a bheidh inrochtana don phobal.

Fuinneamh

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, agus rinne sé Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus

Seirbhísí Fuinnimh) Rialacháin 2009 (I.R. 542 de 2009): Ceanglaítear leis na Rialacháin ar eagraíochtaí earnála poiblí tuarascáil a thabhairt gach bliain ó Eanáir 2011 i leith ar a n-úsáid fuinnimh agus ar na bearta arna ndéanamh chun ídiú a laghdú. In 2020, d'úsáid an OCO XkWh de leictreachas, laghdú X% ar 2020. Tá sé sin mar gheall go páirteach ar níos lú tinrimh san Oifig de bharr Covid-19, déantar monatóireacht ar úsáid fuinnimh ar bhonn leanúnach, áfach. Leanann an OCO le córas cuimsitheach inmheánach athchúrsála a fheidhmiú. Bhíomar i dteagmháil le feachtas Optimising Power@Work de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, agus táimid gníomhach ag cuardach bealaí chun úsáid cumhachta a laghdú.

Saoráil um Fhaisnéis

Faoi alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht SF), tá oibleagáid ar an OCO scéim um fhoilsiú a ullmhú agus a fhoilsiú. Is é an cuspóir leis an scéim sin soláthar faisnéise a éascú a mhéid is féidir, ach amháin faisnéis atá díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nó lasmuigh de. In 2021 fuaireamar agus phróiseálamar 19 n-iarratas SF.

Oifig an Ombudsman do Leanai
Teach na Milaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
 [@OCO_Ireland](https://twitter.com/OCO_Ireland)